B'ionann tiomantais amhail an 31 Nollaig 2007 agus €1,378,327. Tá sin comhdhéanta de €198,741 do leabharlann agus cumas, €666,094 i ndáil le dréachtadh, €49,923 d'fhoireann gníomhaireachta/conartha, €102,217 i leith chostais foirne i gcomhair thionscadal dlí reachtach réamh-shaoirse na hÉireann, €168,545 i ndáil le foireann eile agus €66,000 i ndáil leis an gcóras bainistíochta cáis agus taifead. Tá méideanna arb ionann iad agus €126,807 i ndáil le comhairleoirí ann chomh maith.

8 DLITEANAIS AIBITHE

D'iomlánaigh dliteanais aibithe neamh-scaoilte ag deireadh na bliana chuig €5,372.

9 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BHREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí a fuair €6,350 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	85,795	35	4	16,077
Ragobair agus tinreamh breise	36,459	29	-	-
Ilghnéitheach	<u>117,774</u>	6	6	40,370
Luach saothair bhreise in iomlán	<u>240,028</u>			

Nóta: Fuair daoine aonracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

10 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Státseirbhísigh Scortha a Fhostú

Fostaíodh Státseirbhíseach scortha a raibh ag fáil Pinsin Státseirbhíse ar bhonn conartha ar chostas €86,838.

Sall-Iompar faoin Scéim Buiséid Riaracháin

Mar a comhaontaíodh leis an Roinn Airgeadais faoin Scéim Buiséid Riaracháin, tá sall-iompar €568,000 san áireamh sa Meastachán do 2008.

Maoiniú um Bainistiú an Athraithe

Fuarthas maoiniú de €16,825 ón gCiste um Bainistiú an Athraithe i ndáil leis an méid seo a leanas:

Oifig an Ard-Aighne: €12,000 i ndáil le Leithdháileadh Acmhainní, Tionscadal Pleanála Gnó;

An Coimisiún um Athchóiriú Dlí: €4,825 i ndáil leis an bPróiseas Comhairliúcháin don Tríú Clár Athchóiriú Dlí.

Aisiocaíocht i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta

Fuair an Oifig €10,929 ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i ndáil le cnapshuimeanna iomarcaíochta a íocadh le 3 iar-fhostaithe i rith na bliana.

11 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2007:	€000
Tomhaltáin TF	1
Páipéarachas	24
CD-Rom - Leabhar Reachtanna na hÉireann	<u>11</u>
	<u>36</u>

12 DLÍTE DON STÁT

Bhí an méid dlite don Stát ag 31 Nollaig 2007 comhdhéanta de:	€000
Cáin Ioncaim	165
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa	67
Pinsin	1
Siarchoinneáil Cánach	20
Cáin Bhreisluacha	<u>9</u>
	<u>262</u>

13 RIALUITHE INMHEÁNACHA Á FHEABHSÚ

Ag Cur Le Rialuithe Inmheánacha

Tá Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha sa ghnáthfhormáid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007 curtha isteach leis an gcuntas seo chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá na gníomhartha seo a leanas déanta nó beartaithe chun cur le rialuithe inmheánacha maidir le hoiliúint foirne, bainistiú riosca, slándáil teicneolaíocht eolais agus cumarsáide agus athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht rialuithe riaracháin agus airgeadais.

Oiliúint Foirne

Dé réir mar a dhéantar an Creat Eolais Bainistíochta (MIF) agus an Córas Bainistíochta Cáis agus Taifed a leathadh amach, tá oiliúint á cur ar an bhfoireann iomchuí. Tá oiliúint athnuachana ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais faighte ag an bhfoireann san Aonad Airgeadais agus in aonaid iomchuí eile.

Bainistiú Riosca

Déanann Ionadaí Bainistíochta Riosca de chuid na hOifige agus de chuid Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, a thuairiscíonn chuig an MAC comh-oifige agus chuig an gCoiste Iniúchta, maoirsiú ar an bpróiseas bainistíochta riosca. Tá polasaí bainistíochta riosca comhaontaithe agus tá clár riosca corparáideach a chlúdaíonn an dá Oifig i bhfeidhm. Déantar athbhreithniú ar Chláir Riosca Grúpa Gnó/Aonaid gach sé mhí.

Slándáil Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais chun príomh-rioscaí slándála a bhaineann le Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide (ICT) a mhaolú. Tá Plean Leanúnachais Ghnó tras-Oifige á chur i gcrích ag an Oifig faoi láthair, i gcomhar le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

Rialuithe Riaracháin agus Airgeadais

Déanann an MAC agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú rialta ar rialuithe. Déanann an MAC breithniú ar gach tuarascáil iniúchta inmheánach. Tá sé beartaithe ag an Oifig tabhairt faoi athbhreithniú ar na nósanna imeachta airgeadais go léir i rith 2008.

FINOLA FLANAGAN
Oifigeach Cuntasaíochta
OIFIG AN ARD-AIGHNE
31 Márta 2008

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Ard-Aighne le haghaidh 2007 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig an Ard-Aighne. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007.

Seán Ó Buachalla
SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
19 Meán Fómhair 2008

AN PHRÍOMH-OIFIG STAIRIMH

Seo tuairisc ar an suim a caitheadh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007, i gcomparáid leis an suim a deonadh agus ar an suim ar féidir a thiomnú mar leithris-i-gcabhair ina theannta leis, i gcóir tuarastal agus costas na PríomhOifige Staidrimh.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhrúithe Deiridh
RIARACHÁN	€000	€000	€000
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	38,549	36,303	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	1,529	1,379	1
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	1,344	1,363	53
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	1,734	1,507	58
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA	8,250	7,720	(722)
A.6. COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	1,642	1,515	94
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	249	186	3
A.8. BAILIÚ STAITISTICÍ	2,256	1,587	4
A.9. LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNTHE BEARTAIS	<u>42</u>	=	=
An Mór Iomlán	55,595	51,560	(509)
<i>Bain de :-</i>			
A.10. LEITHGHABHÁLACHA-i-gCABHAIR	<u>695</u>	<u>416</u>	<u>1,111</u>
An Glan Iomlán	<u>54,900</u>	<u>51,144</u>	<u>(1,620)</u>
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS	€3,755,379		

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 13.

NÓTAÍ

1 EISCEACHT Ó NA GNÁTHPHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Tiomsaítear an Cúntas Sealbhaíochta i dtaobh Vóta 4 – a bhaineann leis an Phríomh Oifig Staidrimh – de réir an raitéas faoi na Prionsabail Cúntasaíochta ach amháin san eisceacht seo a leanas.

Tuaraisc ar na Sochmhainní Caipitil – Dímheasú ar Threalaimh agus Innealra na hOifige

Cloíeadh leis na gnáth rialacha dímheasaithe ach amháin i gcás na sochmhainní a h-úsáideadh i rith Daonáireamh 2007. Rinneadh dímheasú ar na sóchmhainní san earnáil seo dar luach € 3.021 milliún thar tréimhse dhá bhliain (ó 2006 go 2007).

2 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2007

	€000	€000	€000
Toradh Glan			51,144
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(3,155)		
Diúscairtí Airgid Tirim	10		
Cailliúint ar diúscairtí	16		
Dímheas	<u>5,256</u>	2,127	
Sócmhainní á bhForbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tirim		(3,357)	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Méadú ar Fhabhruithe Deiridh	(1,379)		
Laghdú ar Stoc	<u>99</u>	<u>(1,280)</u>	<u>(2,510)</u>
Caiteachas Díreach			48,634
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit Eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara	6,361		
Cíosanna Barúlacha	<u>2,368</u>		<u>8,729</u>
Costas Oibriúcháin			<u>57,363</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2007

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 4)			21,831
Sócmhainní á bhForbairt (Nóta 5)			<u>450</u>
			22,281
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 12)		232	
Réamhiocaíochtaí		943	
Ioncam Fabhráithe		1,115	
Iarmhéideanna Dochair Eile:		275	
Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	(260)		
Orduithe Íocaíochta gan Íoc	<u>(163)</u>	(423)	
Dliteanais Reatha don Stait (Nóta 6)		<u>1,195</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>3,337</u>	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhráithe		434	
Ioncam Iarchurtha		4	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile :		207	
Dlite don Stát (Nóta 13)		<u>840</u>	
Iomlán na nDliteanas Reatha		<u>1,485</u>	
Glandliteanais Reatha			<u>1,852</u>
Glanshócmhainní			<u>24,133</u>

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITILIÚLA AG 31 NOLLAIG 2007

	Talamh agus Foirgnimh €000	Trealamh Oifige Innealra Eile €000	Troscán agus Feistis €000	Iomlán €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2007	34	32,414	3,147	35,595
Breiseanna	-	18,073	98	18,171
Díúscairtí	-	<u>(1,621)</u>	<u>(31)</u>	<u>(1,652)</u>
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2007	<u>34</u>	<u>48,866</u>	<u>3,214</u>	<u>52,114</u>
Dímheas Carntha				
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2007	34	24,423	2,196	26,653
Dímheas don Bhliain	-	5,084	172	5,256
Dímheas ar Dhiúscairtí	-	<u>(1,596)</u>	<u>(30)</u>	<u>(1,626)</u>
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2007	<u>34</u>	<u>27,911</u>	<u>2,338</u>	<u>30,283</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2007	<u>=</u>	<u>20,955</u>	<u>876</u>	<u>21,831</u>

5 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIL Á BHFORBAIRT AG 31 NOLLAIG 2007

	Úsáideanna Riomhaireachta €000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2007	12,434
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain	3,357
Aistrithe go dtí Clár na Sócmhainní	<u>(15,341)</u>
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2007	<u>450</u>

6 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2007

	€000	€000
Farasbarr don Bhliain		
Farasbarr le Tabhairt Suas		3,755
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		<u>(4,950)</u>
Glandliteanas don Státchiste		<u>(1,195)</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	(423)	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	<u>275</u>	(148)
Creidiúnaithe		
Dlíte don Stát	(840)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	<u>(207)</u>	<u>(1,047)</u>
		<u>(1,195)</u>

7 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Foc- Níos lú/(Níos
annt- mó) ná a

eideal Soláthraíodh
€000

Míniú

A.1.	2,246	Ar an iomlan bhain an tsábháil le hathchóiriú fostaíochta fhoireann na Ceanncheathrún a bhí le haghaidh Daonáireamh 2006 mar go raibh an sceideal próiseála agus foilsithe críochnaithe. Anuas air sin lean folúntais ar aghaidh san fhórsa allamuigh gan a bheith líonta i rith 2007.
A.4.	227	Bhain an tsábháil leis na costais a bhí níos lú ná mas a bhíothas ag súil leo le post agus teileachumarsáid. Bhí an tsábháil ar an dara ceann mar thoradh ar uasghrádú na hOifige ar an gcóras teileafóin go dtí VOIP i 2006.
A.7.	63	Bhain an tsábháil le coistais chomhairleoireachta a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leo i 2007.
A.8.	669	Bhain an tsábháil le coistais oibre allamuigh ar shuibhéanna na POS a bhí níos lú ná a bhíothas ag súil leo i rith 2007.
A.9.	42	Níor tabhaíodh aon costais chomhairleoireachta sheachtracha faoin bhfocheann seo i rith 2007.

8 LEITHGHABHÁLACHA-i-gCABHAIR

	Measta €	Réadaithe €
1. Fáltais ón Aontas Eorpach	388,000	147,357
2. Ilchinéal de rudaí eile	<u>307,000</u>	<u>268,179</u>
Iomlan	<u>695,000</u>	<u>415,536</u>

1. Bhí na faltais ón Aontas Eorpach níos lú ná mar a bhíothas ag súil leo i 2007.
2. Bhí na faltais ilghnéitheacha ní ba lú mar a bhíothas ag dúil.

9 CEANGALTAIS

Ar an 31 Nollaig 2007, €4,122,383 ab ea an tsuim iomlán i gcóir na ngealltanais is dóichí a cuirfear i gcrích i rith na blianta le teacht. Bainneann mórchuid na ngealltanais seo le conarthaí a síníodh maidir le soláthar léarscáilanna le húsáid i suirbhéanna na POS (lena n-áirítear an Daonáireamh) agus maidir le tráth chur i bhfeidhm Straitéis TF de chuid na POC.

10 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí a fuair €6,350 nó mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	185,296	141	4	11,094
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	378,808	189	11	17,368
Liúntais sealóibre agus uainchláir	53,584	8	6	7,569
Ilghnéitheach	85,112	690	-	-
Luach saothair breise in iomlán	<u>702,800</u>			

Nóta: Fuair daoine aonracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

11 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Mar a haontaíodh leis an Roinn Aireadais faoi údarás Scéim Fheidhmiú an Bhuiséid, tá suim €2,224,000 tugtha ar aghaidh go dtí Meastachán 2008.

De réir na hAontaithe faoi Scéim Fheidhmiú an Bhuiséid, bronnadh 690 duaiseanna dar iomlán €85,112 faoin Scéim Ghníomhú Eisechtúil. € 6,000 ab ea a duais ab airde go dtí groupa de dháréag.

Fuairas chead ón Roinn Aireadais chun €3,520 a dhíscríobh a ró-íocadh le háiritheoirí daonáirimh agus obair allamuigh ar siúl acu le haghaidh Daonáireamh 2006. Bhí sé ró-íocaíocht i gceist agus rinneadh gach iarracht chun na ró-íocaíochtaí seo a fháil ar ais. Tá an díscríobh seo a fháil ar ais. Tá an díscríobh seo anuas ar dhíscríobh eile €789 i gcuntas Leithghabhála 2006 a sheas do 22 ró-íocaíochtaí níos lú eile.

Íocadh €9,250 chun éileamh a shocrú ar ghortaithe a fuarthas de bharr timpiste ar áitreabh na POS. Anuas air sin, íocadh suim eile €364 i gcostais dhleathacha agus leighis de chuid an ghearánaigh.

Tá an caiteachas glan ar Sheirbhísí Gaolta de €6,361,000 atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Chostas Oibriúchain déanta suas de na méid canna measta seo a leanas á iompar ag Vótaí eile:

Vóta	€000
7 Písin agus Liúntais Eirirhe as Oibre	2,430
9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	2,709
10 Oifig na nOibrfeacha Poiblí	<u>1,222</u>
	<u>6,361</u>

12 STOIC

Áiríear i Stoic ag 31 Nollaig 2007	€000
Stáiseanóireacht	111
Inchaiteacháin Eolas Theichneolaíochta	68
Foilsíucháin	<u>53</u>
	<u>232</u>

13 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2007 ná:	€000
Cáin Shiarchoinneálach	388
Cáin Bhreisluacha	248
Cáin Chonarthaí Iomchuí	6
Aoisliúntas	117
CBL Idirghabhála	<u>81</u>
	<u>840</u>

GEARÓID Ó'HANLUAINN

Oifigeach na gCúntas

AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH

27 Marta 2008

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Phríomh-Oifig Staidrimh le haghaidh 2007 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Phríomh-Oifig Staidrimh. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007.



SEÁN Ó BUACHALLA

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

19 Meán Fómhair 2008

OIFIG AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Cuntas ar an tsuim a caitheadh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007, i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh agus ar an tsuim a fhéadfar a fheidhmiú mar leithghabhálacha i gcabhair lena cois ina leith sin, i gcomhair thuarastail agus speansais Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
RIARACHÁN			
A.1. TUARASTAIL, PÁ, AGUS LIÚNTAIS	10,789	9,896	20
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	950	756	9
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	441	328	6
A.4. SEIRBHÍŚÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	197	213	(19)
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ EILE OIFIGE AGUS SEIRBHÍŚÍ GAOLMHARA	524	641	(70)
A.6. SPEANSAIS ÁITREABH OIFIGE	313	240	5
A.7. TÁILLÍ COMHAIRLEOIREACHTA AGUS DLÍ	<u>733</u>	<u>213</u>	=
An Mór-Iomlán	13,947	12,287	(49)
<i>Bain de:-</i>			
A.8. LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR	<u>4,200</u>	<u>5,584</u>	<u>1,013</u>
An Glan-Iomlán	<u>9,747</u>	<u>6,703</u>	<u>(1,062)</u>
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS	€3,043,822		

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 12.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2007

	€000	€000	€000
Toradh Glan			6,703
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(229)		
Diúscairtí Airgid Tirim	5		
Luachlaghdú	296		
Caillteanas de bharr Sócmhainní Seasta a bheith Diúscartha	<u>5</u>	77	
Sócmhainní á bhForbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tirim (Nóta 4)		(100)	
Athruithe i nGlansócmhainní Reatha			
Méadú i bhFabhrúithe Deiridh	241		
Laghdú i Stoc	<u>6</u>	<u>247</u>	<u>224</u>
Caiteachas Díreach			6,927
Gluaiseacht in Obair Idir Lámha ¹			16
Caiteachas arna Íoc in Áit eile			
Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara		1,684	
Measchíosanna		<u>335</u>	<u>2,019</u>
Costas Oibriúcháin			<u>8,962</u>

¹ Léiríonn obair idir lámha an luach in-athsholáthraithe a mheastar a bheith ar obair a cuireadh i gcrích i gcáis chuntas nár tuairiscíodh tuairimí iniúchóireachta go fóill.

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2007

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitil (Nóta 3)			746
Sócmhainní á bhForbairt (Nóta 4)			<u>100</u> 846
Obair idir Lámha			652
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 11)		18	
Ioncam Fabhráithe		1,013	
Costais réamhíoctha		102	
Glandliteanas an Státhiste (Nóta 5)		381	
Iarmhéideanna Eile Dochair		<u>155</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>1,669</u>	
Dlíteanaí Reatha			
Costais Fhabhráithe		53	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile			
Dlíte don Stát (Nóta 12)		246	
Iarmhéideanna Creidmheasa		22	
Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	119		
Móide Orduithe Gan Íoc	<u>149</u>	<u>268</u>	
Iomlán na nDlíteanas Reatha		<u>589</u>	
Glansócmhainní Reatha			<u>1,080</u>
Glanshócmhainní			<u>2,578</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AG 31 NOLLAIG 2007

	Trealamh Oifige €000	Troscán agus Feistis €000	Iomlán €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2007	2,100	626	2,726
Breiseanna	199	36	235
Díúscairtí	<u>(189)</u>	-	<u>(189)</u>
Ollsócmhainní ag 31 Nollaig 2007	<u>2,110</u>	<u>662</u>	<u>2,772</u>
Dímheas Carntha			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2007	1,495	407	1,902
Dímheas don Bhliain	257	39	296
Dímheas ar Dhiúscairtí	<u>(172)</u>	-	<u>(172)</u>
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2007	<u>1,580</u>	<u>446</u>	<u>2,026</u>
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2007	<u>530</u>	<u>216</u>	<u>746</u>

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIL Á bhFORBAIRT AG 31 NOLLAIG 2007

	Líonra Teileachumarsáide €000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir 2007	-
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain	100
Aistrithe go dtí Clár na Sócmhainní	=
Suimeanna tugtha ar aghaidh ar 31 Nollaig 2007	100

5 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2007

	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas		3,044
Deontas an Stáitchiste nár Tarraingíodh		<u>(3,425)</u>
Glandliteanas don Stáitchiste		<u>(381)</u>
Léirithe ag:		
Fiachóirí		
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí		155
Lúide Creidiúnaithe		
Iarmhéideanna Creidmheasa	(22)	
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim	(268)	
Dlite don Stát (Nóta 12)	<u>(246)</u>	<u>(536)</u>
		<u>(381)</u>

6 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo- thei deal	Níos Lú / (Níos Mó) Ná Mar a Solát €000	Míniú
A.1.	893	Tháinig coigilt chun cinn de bharr moilleanna ó thaobh earcaíochta agus toisc nach rabhthas in ann airgead a chuaigh amach faoin gclár dílárnúcháin a athsholáthar.
A.2.	194	Bhí costais a bhain le taisteal oifigiúil níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil mar gheall ar mhoill le folúntais fhoirne a líonadh.
A.3.	113	Bhí aisiocaíochtaí i dtáillí scrúduithe/cúrsaí agus costais aistriúcháin agus theagmhasacha níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil.
A.4.	(16)	Is de bharr caiteachais, a tabhaíodh le háiseanna teileachumarsáide a uasghrádú, a bhí an farasbarr.
A.5.	(117)	Is de bharr an riachtanas, le hobair a dhéanamh le córais chartlainne a bhreisiú agus bonneagar ríomhaire a uasghrádú, a bhí an farasbarr.
A.6.	73	Bhí costais chothabhála agus fhóntais níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil.
A.7.	520	Tháinig coigilteas chun cinn de bharr gur lú an t-ionchur comhairliúcháin ná mar a measadh agus de bharr an am a tharla an t-ionchur sin.

7 LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR

	Measta €	Réadaithe €
1. Táillí iniúchóireachta a fuarthas	<u>4,200,000</u>	<u>5,583,936</u>

Míniú ar an Difríocht

Tháinig an farasbarr de bharr an tráth a socraíodh go gcuirfí clár iniúchóireachtaí na hOifige i gcrích.

8 CEANGALTAIS

Suim na gceangaltas is dócha a thiocfaidh i gcrích i mblianta amach anseo ná €492,633. Tagann €424,028 den tsuim seo as oibleagáid chonarthach a ndeachaigh an Oifig isteach ann le gnóilachtaí cuntasóirí chun seirbhísí iniúchóireachta a sholáthar, tá €12,825 i leith seirbhísí comhairliúcháin le haghaidh scrúduithe maidir leis an Luach ar Airgead agus tá €55,780 i leith córais teileachumarsáide atá á fhorbairt.

9 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí a fuair €6,350 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	59,181	12	3	11,999
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	<u>3,818</u>	4	-	-
Luach saothair breise san iomlán	<u>62,999</u>			

Le cois an luach saothair arna thuairisciú thuas, mar chuid dá struchtúr pá, fuair Iniúchóirí faoi Oiliúint €31,814 san iomlán de luach saothair breise tar éis dóibh a gcáilíocht mar chuntasóirí a bhaint amach agus na dualgais a ghabhann le grád an Iniúcháir a ghlacadh orthu féin.

10 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Faoi mar a comhaontaíodh leis an Roinn Airgeadais faoin scéim bhuiséid riaracháin tharmilgthe, bhí €558,000 ón Vóta i gcomhair 2007, a bhí le tabhairt anonn, curtha san áireamh sna Meastacháin i gcomhair 2008.

Rinneadh €40,291 d'íocaíochtaí ex-gratia le Stiúrthóirí faoin scéim le haghaidh Gradam a Bhaineann le Feidhmíocht do phoist ar leibhéal an Leas-Rúnaí agus an Rúnaí Cúnta.

Ba é suim chostais an Choiste Iniúchóireachta sa bhliain ná €6,030.

Reachtáil an Oifig comhdháil bhliantúil i mí Dheiridh Fhómhair 2007 ar ar tabhaíodh €27,090 de chostais.

11 STOIC

Bhí Stoc ag 31 Nollaig 2007 arna gcomhdhéanamh de:

	€000
Stáiseanóireacht	8
Ábhair inchaite srl.	<u>10</u>
	<u>18</u>

12 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí i gceist leis an tsuim a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2007 ná:

€000

ÍMAT

137

Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa

71

Cáin Shiarchoinneálach

22

Cáin Bhreisluacha

16

246

SEÁN Ó BUACHALLA

Oifigeach Cuntasíochta

OIFIG AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

28 Márta 2008

TUAIRIM DON ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE DE RÉIR ALT 13 D'ACHT AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE (LEASÚ), 1993

Mar an t-iniúcháir arna cheapadh faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá Cuntas Leithghabhála Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam.

Is don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuarascáil seo, de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tugadh faoi mo chuid oibre iniúcháireachta sa chaoi is gur féidir liom a chur in iúl don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cúrsaí sin a cheanglaítear orm a chur in iúl dó i ndeimhniú mo thuairime agus ní chun críocha ar bith eile. Lánóiread is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaim le ná ní ghabhaim orm freagracht as an obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá déanta agam, do dhuine ar bith eile seachas an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Freagrachtaí an oifigigh chuntasaíochta agus an iniúcháir faoi seach

Faoi Alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act* 1866, bíonn an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an gCuntas Leithghabhála a ullmhú. Bíonn sé freagrach freisin, inter alia, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cirte gach idirbheart sa Chuntas Leithghabhála.

Is é m'fhreagracht an Cuntas Leithghabhála a iniúchadh de réir ceanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscim mo thuairim duit maidir le cibé an dtugann an Cuntas Leithghabhála léargas fíorcheart. Tuairiscim duit freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Oifig. Lena chois sin, luaim cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta agus cibé an dtagann Cuntas Leithghabhála na hOifige leis na leabhair chuntais.

An Bunús atá le mo Thuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gCuntas Leithghabhála de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sa Chuntas Leithghabhála, agus scrúdú le féachaint an dtagann na hidirbhearta arna dtaifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina n-airbheartaítear iad a bheith déanta, agus le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta do chúinsí na hOifige, ar feidhmíodh iad ar bhealach comhleanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil. Rinne mé m'iniúchadh ar Chuntas Leithghabhála Vóta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Déantar measúnacht mar chuid den iniúchadh ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinne an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Cuntas Leithghabhála á ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta do chúinsí na hOifige, ar feidhmíodh iad ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go gcuirtear fáiltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 i láthair go cuí i gCuntas Leithghabhála an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus nach bhfuil aon nithe ann ar gá dom tuairisciú ina dtaobh, de bhun Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an Cuntas Leithghabhála ag teacht leis na leabhair chuntais.

Kevin Sheehan
I gcomhair agus thar ceann Deloitte & Touche
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
29 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
10 Iúil 2008

DEIMHNIÚ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

D'iniúch Kevin Sheehan, Deloitte agus Touche, Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe, Cuntas Leithghabhála an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i gcomhair 2007 thar mo cheann. Ar bhonn a iniúcháireachta agus a thuarascála, is é mo thuairim go gcuireann an cuntas fáiltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 i láthair go cuí.



SEÁN Ó BUACHALLA

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
19 Meán Fómhair 2008

OIFIG AN AIRE AIRGEADAIS

Cuntas ar an méid caite sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007, i gcomparáid leis an suim tugtha agus an suim a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm mar leithris-i-gcabhair leis sin do thuarastail agus chostais Oifig an Aire Airgeadais, Oifig an Phámháistir Ghinearálta san áireamh, ar son seirbhísí áirithe riарtha ag Oifig an Aire agus ar son deontais áirithe agus deontais-i-gcabhair a íoc.

Seirbhís		Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
RIARACHÁN	€000	€000	€000	€000
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS		38,600	38,896	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ		1,250	960	2
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA		2,100	1,927	(85)
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE		1,400	1,413	69
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHAR		3,000	2,849	(239)
A.6. COSTAIS ÁTTREABH OIFIGE		1,360	1,178	56
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA		90	65	2
A.8. LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS		1,050	804	3
SEIRBHÍSÍ EILE				
B. COSTAIS DE THORADH BANC CTT A DHÍOL				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	115			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>3,491</u>	3,606	3,639	-
C. INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA COSTAIS RIARACHÁIN AGUS GHINEARÁLTA (DEONTAS-I-gCABHAIR)		3,300	3,300	-
D. AN FORAS RIARACHÁIN (DEONTAS-I-gCABHAIR)		3,500	3,500	-
E. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS ÉIREANN (DEONTAS-I-gCABHAIR)				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	7,500			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(1,500)</u>	6,000	5,250	-
F. GAELEAGRAS NA SEIRBHÍSE POIBLÍ		440	432	2
G. GNÁTHAIMH EADRÁNA AGUS ACHOMHAIRC NA STÁTSEIRBHÍSE		70	46	-
H.1. COMHLACHT ATHBHREITHNITHE ARDTUARASTAL SAN EARNÁIL PHOIBLÍ		300	281	-
H.2. COMHLACHT SHLATA TOMHAIS NA SEIRBHÍSE POIBLÍ		1,800	2,013	-
H.3. AN COISTE UM DHÁMHACHTAINÍ FEIDHMÍOCHTA		60	37	-
I. AN LÁRIONAD dFHORBAIRT BHAINISTÍOCHTA AGUS EAGRÚCHÁIN				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	3,550			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(1,000)</u>	2,550	2,403	(57)
J.1. CÚNAMH TEICNIÚIL NA gCISTÍ STRUCHTÚRACHA AGUS COSTAIS EILE		2,000	1,574	(30)
J.2. COSTAIS CHÚNAMH TEICNIÚIL NA dTONÓL RÉIGIÚNACH (DEONTAS-I-gCABHAIR)		1,450	1,390	-
K. COISTÍ AGUS COIMISIÚIN		380	323	-
L. ÍOCAÍOCHTAÍ LE TIONSCNÓIRÍ CRANNCHUR CARTHANACH ÁIRITHE (MAOINITHE AS AN gCRANNCHUR NÁISIÚNTA)		8,618	8,618	-
M. AN CISTE UM ATHRÚ BAINISTÍOCHTA		1,970	1,408	-

		Soláthar don Mheastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
SEIRBHÍŚÍ EILE - ar lean	€000			
N.1. CLÁR PEACE / INTERREG THUAISCEART ÉIREANN				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	14,300			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(990)</u>	13,310	12,800	-
N.2. AN COMHLACHT UM CHLÁIR SPEISIALTA AE		1,500	1,320	-
O. INTERREG NA hÉIREANN/NA BREATAINE				
BIGE AGUS TRASNÁISIÚNTA		350	349	(23)
P. TIONSCNAMH NA STÁTSEIRBHÍSE UM				
CHÚRAM LEANAÍ		2,200	1,886	(1)
Q. LEASÚ BAINISTÍOCHTA SOLÁTHAIR		1,300	886	78
R. SEIRBHÍŚÍ COMHAIRLEOIREACHTA		<u>530</u>	<u>259</u>	<u>16</u>
An Mór-Iomlán				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	104,083			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>1</u>	104,084	99,806	(207)
<i>Bain de :-</i>				
S. LEITHGHABHÁLACHA I gCABHAIR		<u>6,583</u>	<u>6,992</u>	<u>140</u>
An Glan-Iomlán				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	97,500			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>1</u>	<u>97,501</u>	<u>92,814</u>	<u>(347)</u>
FARASBARR DON BHLIAIN			€4,686,605	
TABHAIRT SUAS IARCHURTHA Faoi Alt 91 Den Acht Airgeadais 2004			€800,000	
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS			€3,886,605	

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Pholasaithe agus Phrionsabail Cuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 16.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2007

	€000	€000	€000
Toradh Glan			92,814
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tírim	(529)		
Dímheas	1,850		
Diúscairtí Airgid Tírim	-		
Cailliúnt ar Dhiúscairtí	<u>4</u>	1,325	
Sócmhainní á bhForbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tírim (Nóta 4)		(977)	
Athruithe i nGlansócmhainní Reatha			
Laghdú i bhFabhrúithe Deiridh	(396)		
Laghdú i Stoc	<u>37</u>	<u>(359)</u>	<u>(11)</u>
Caiteachas Díreach			92,803
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara	18,612		
Cíosanna Barúlacha	<u>3,855</u>		<u>22,467</u>
Costas Oibriúcháin			<u>115,270</u>

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2007

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			4,205
Sócmhainní á bhForbairt (Nóta 4)			<u>1,199</u> 5,404
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 15)		57	
Réamhíocaíochtaí		650	
Ioncam Fabhráithe		140	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Airleacain don OPW	650		
Tuarastail Inchúitithe	954		
Forchúiteamh Chaiteachais Taistil	54		
Óinchistí Taistil	2		
Míreanna Dochair Fionraí Eile	<u>276</u>	1,936	
Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	1,801		
Orduithe Íocaíochta Gan Íoc	<u>(15)</u>	<u>1,786</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>4,569</u>	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fabhráithe		443	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Asbhaintí ó Thuairastail	137		
Dlite don Stát (Nóta 16)	1,052		
Míreanna Creidmheasa Fionraí Eile	<u>1,748</u>	2,937	
Glandliteanas don Stáitchiste (Nóta 5)		<u>785</u>	
Iomlán na nDliteanas Reatha		<u>4,165</u>	
Glandhiltéanais Reatha			<u>404</u>
Glanshócmhainní			<u>5,808</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITILIÚLA AG 31 NOLLAIG 2007

	Trealamh TF €000	Troscán agus Feisteas €000	Trealamh Oifige €000	Iomlán €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2007	15,026	3,331	2,055	20,412
Breiseanna ¹	2,495	96	90	2,681
Diúscairtí	<u>(912)</u>	=	<u>(19)</u>	<u>(931)</u>
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2007	<u>16,609</u>	<u>3,427</u>	<u>2,126</u>	<u>22,162</u>
Dímheas Carntha				
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2007	12,375	2,857	1,802	17,034
Dímheas don Bhliain	1,616	125	109	1,850
Dímheas ar Dhiúscairtí	<u>(908)</u>	=	<u>(19)</u>	<u>(927)</u>
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2007	<u>13,083</u>	<u>2,982</u>	<u>1,892</u>	<u>17,957</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2007	<u>3,526</u>	<u>445</u>	<u>234</u>	<u>4,205</u>

Tá Talamh agus Foirgnimh taifeadta ar Chlár na Sócmhainní de Vóta 10, Oifige na nOibreacha Poiblí.

¹ Clúdaíonn sé seo sócmhainní TF ar chostas €35k ceannaithe ar Vóta 7 – Aoisliúntas agus Liúntais Scoir agus €68k a ceannaíodh in 2006 ach nach ndearnadh caipitliú air ag an am.

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIL Á bhFORBAIRT AG 31 NOLLAIG 2007

	Feidhmchláir Ríomhaire Inmheánacha €000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir 2007	2,271
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain	977
Aistrithe go dtí Clár na Sócmhainní	<u>(2,049)</u>
Suimeanna tugtha ar aghaidh ar 31 Nollaig 2007	<u>1,199</u>

5 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2007

	€000	€000
Farasbarr Don Bhliain		
Farasbarr le Forghéilleadh	3,887	
Géilleadh Iarchurtha	<u>800</u>	4,687
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		<u>(3,902)</u>
Glandliteanas don Státchiste		<u>785</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	1,786	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	<u>1,936</u>	3,722
Creidiúnaithe		
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	(1,885)	
Dlite don Stát	<u>(1,052)</u>	<u>(2,937)</u>
		<u>785</u>

6 FÁLTAIS BHREISE INÍOCTHA DON STÁTCHISTE

Fuarthas méid de €47,671 i leith Fháлтаis Bhreise an Státchiste sa bhliain.

7 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo- Níos Lú/Níos
the- Mó Ná mar tá
ideal foráilte

Míniú

€000

A.7.	25	Tharla coigilteas go príomha de bharr foráil teagmhasach riaracháin nach raibh riachtanach i 2007.
E.	750	Tharla coigilteas go príomha de bharr díolacháin níos airde ná mar a ceapadh i Suibhéireacht Ordanáis Éireann.
G.	24	Tá sé dodhéanta meastachán a dhéanamh roimhré ar líon na n-éisteachtaí cadráin.
H.1.	19	Tharla coigilteas de bharr costais chomhairleoireachta a bheith níos ísle ná mar a ceapadh.
H.2.	(213)	Tharla an farasbharr de bharr chomhairleoireachta a bheith níos airde ná mar a ceapadh.
H.3.	23	Tharla coigilteas de bharr costais an Choiste a bheith níos ísle ná mar a ceapadh.
I.	147	Tharla coigilteas de bharr costais fhoirne níos ísle i 2007.
J.1.	426	Tharla coigilteas de bharr costais TF a bheith níos ísle ná mar a ceapadh agus cláir ag dul ar aghaidh níos moille ná mar a ceapadh.
K.	57	Tharla coigilteas de bharr costais chomhairleoireachta a bheith níos ísle ná mar a ceapadh.
M.	562	Tharraing an Roinn níos lú airgead ná mar a ceapadh ón gciste.
N.2.	180	Tharla coigilteas de bharr costais fhoirne níos ísle i 2007.
P.	314	Tharla coigilteas de bharr moill le teastais chaiteachais a fháil ó Oifig na nOibreacha Poiblí.
Q.	414	Tharla coigilteas de bharr costas glan na Comhdhála Soláthair Uile Éireann a bheith níos ísle ná mar a ceapadh.
R.	271	Tharla coigilteas de bharr níos lú gníomhaíocht ná mar a cheapadh a bheith ann.

8 LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR

	Measta €	Réadaithe €
1. Fáltais ó sheirbhísí ríomhaireachta déanta á thug an Lárionad d'Fhorbairt Bainistíochta agus Eagrúcháin	-	254,875
2. Fáltais ó Ranna maidir le Ranganna le haghaidh Teangacha Iasachta	30,000	77,957
3. Clár AE	6,553,000	7,360,062
4. Ilghnéitheach	=	<u>494,278</u>
Iomlán	<u>6,583,000</u>	<u>8,187,172</u>

Míniú ar Dhifríochtaí

1. Fágadh soláthar ar lár ón Meastachán.
2. Bhí fáltais níos airde ná mar a shíleadh ó Ranna Rialtais eile maidir le ranganna teanga iasachta.
3. Tá sé deacair meastachán cruinn a thabhairt ós rud é go ndéantar tráthúlacht na n-aisíocaíochtaí a shocrú ag an gCoimisiún AE.
4. Fágadh soláthar ar lár ón Meastachán.

9 CEANGALTAIS

Ba é líon iomlán na ngealltanais ag deireadh na bliana ná €733,177.

10 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí a fuair €6,350 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	180,049	57	11	18,507
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	598,209	186	29	30,276
Ilghnéitheach	<u>344,365</u>	383	4	30,248
Luach saothair breise in iomlán	<u>1,122,623</u>			

Nóta: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

11 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Áiríonn an chuntas seo caiteachas de €231,207 maidir le 4 oifigeach a bhí ag seirbheáil lasmuigh den Roinn le haghaidh ionlán nó cuid de 2007 agus gur íochadh a dtuarastail ó phríomh-fotheideal tuarastail na Roinne.

Caitheadh iomlán de €63,390 ar dhámhachtainí tuillteanais. Chuimsigh sé seo 211 dámhachtain ar leith agus 11 dámhachtain grúpa. Bhí na híocaíochtaí, a bhain le 2006, ag réimsiú ó €50 go €1,715.

Fuair 10 oifigeach iomlán de €24,677 in íocaíochtaí ex-gratia mar aitheantas a bhfeidhmiú eisceachtúil. Bhí na híocaíochtaí ag réimsiú ó €250 go €5,000.

Fuair iomlán de 21 oifigeach €54,175 maidir le Íocaíochtaí Seirbhíse Speisialta faoi théarmaí an chomhaontaithe athstruchtúráil AHCPs 1% PCW.

Íocadh cúiteamh €18,473 ar an iomlán i rith na bliana don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stáit i gcóir socrúchán na n-eileamh thar ceann na Roinne Airgeadais.

Ath-fhostaíodh ceathrar státseirbhíseach scortha, a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse, ar bhonn táille de chostas iomlán de €130,218.

Rinneadh íocaíochtaí iomlán de €208,916 ón gciste um Bainistiú Athruithe (Foiitheideal M. den Vóta) maidir leis an tionscadal um Oiliúint do Leasú an tSoláthair Tógála.

Tá Chaiteachais na Seirbhísí Comhghuaillithe Glan de €18,612,000 áirithe i Ráiteas na gCostas Oibriúcháin déanta suas de na méideanna measta seo a leanas a iompraíodh ar Vótaí eile:

Vóta		€000
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	13,971
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	4,006
20	An Garda Síochána	280
	Lárchiste – Pinsin na nAirí s.rl. (Uimh. 38 de 1938, s.rl.)	<u>355</u>
		<u>18,612</u>

12 MAOINIÚ AE

Áiríonn an Táirgeacht léirithe i bhFothaidil J.1, J.2, N.1 agus O íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí atá chomh-mhaoinithe ón ERDF. Seo a leanas mar a bhí meastacháin de chaiteachais agus táirgeachtaí iarbhair:

Focheannteideal Sonraí	Meastachán €000	Torthaí €000
J.1. Cúnamh Teicniúil na gCistí Struchtúrtha agus Costais Eile	1,938	1,507
J.2. Costais um Chúnamh Teicniúil de Thionóil Réigiúnach (Deontas i gCabhair)	1,450	1,390
N.1. Cláir Síochána	13,310	12,800
O. INTERREG Trasnáisiúnta na hÉireann/na Breataine Bige	98	100
	<u>16,796</u>	<u>15,797</u>

13 COIMISIÚIN AGUS FIOSRÚCHÁIN, SRL.

Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta	Bliain an Cheapacháin	Caiteachas i 2007 €	Caiteachas Carnach 31 Noll 2007 €
Bord Eadrána na Státseirbhíse	1950/51	42,420	763,710
Gasra Athbheithnithe ar Luach Saothair Níos Airde san Earnáil Phoiblí	1969/70	280,934	2,742,113
Bord Achomharc na Státseirbhíse	1993	3,299	70,601
Gasra Tagarmharcála na Seirbhíse Poiblí	2000	2,013,253	8,052,659
Bord Achomharc um Thiománaithe Míchumasaithe ¹	1989	285,539	841,711
An Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa ²	1967	37,621	177,713
		<u>2,663,066</u>	<u>12,648,507</u>

14 MAOINIÚ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

Focheannteideal	Meastachán €000	Caiteachas €000
L. Íocaíocht chuig Tionscnóirí de Chrannchuir Carthanúla Áirithe:	<u>8,618</u>	<u>8,618</u>

Mionsonraí	€
Iontaobhas na gCarthanas Chomhlachaithe	42,215
Cumann Asma na hÉireann	557,014
Cappoquin Community Development Company Ltd.	16,049
Ionad Seirbhíse Pobail an Droichead Átha	100,743
Gael Linn	541,587
Cumann Ailse na hÉireann	413,738
Irish Lung Foundation Ltd.	205,152
Iontaobhas M.E. na hÉireann	98,105
Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí	316,657
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann	7,616
Ciorcal Ardeaglaise an Longfoirt	62,210
Lyreacrompane Community Development Ltd.	27,938
Ionad Lac an Mhala Raithní	17,005
Polio Fellowship of Ireland	413,738
Grúpa Athshlánaithe	5,504,073
Forbairt Tuaithe Sliabh-Ardach	20,873
Lárionad Hanly	168,344
Cumann Alzheimer Iarthar na hÉireann	104,943

15 STOIC

Áirítear i Stoic ar 31 Nollaig 2007:	€000
Páipéarachas	11
Tráchtearraí TF	<u>46</u>
	<u>57</u>

16 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2007 ná:	€000
Cáin Ioncaim	678
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	215
Cáin Shiarchoinneálach na Seirbhísí Gairmiúla	98
Cáin Bhreisluacha	31
Pinsin	(18)
Eile – Fáltais Breise an Stáitchiste	<u>48</u>
Iomlán	<u>1,052</u>

DAVID DOYLE
 Oifigeach Cuntasaíochta
 AN ROINN AIRGEADAIS
 26 Márta 2008

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Airgeadais le haghaidh 2007 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntais coinnithe ag an Roinn Airgeadais. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007.



SEAN O BUACHALLA
 Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
 19 Meán Fómhair 2008

AOISLIÚNTAS AGUS LIÚNTAIS SCOIR

Cuntas ar an suim caite sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007, i gcomparáid leis an suim a tugadh agus a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm mar leithris-i-gcabhair leis sin, do phinsean, aoisliúntas agus gortuithe ceirde, agus aiscí breise eile faoi 1834 go dtí 1963 agus faoin Acht Aoisliúntais agus Pinsean 1976 agus ilreachtanna eile; pinsin urnácha reachtúla, liúntais agus aisce tugtha ag an Aire Airgeadais; táillí le liaráiteoirí agus táilí dochtúra; cúiteamh agus íocaíochtaí eile maidir le gortú pearsanta; táillí leis an mbord pinsean maidir leis an Scéim Sochair Pinsean, íocaíochtaí ilghnéitheacha, srl.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
RIARACHÁN			
A. LIÚNTAIS AOISLIÚNTAIS, LIÚNTAIS CHÚITIMH, PINSIN AGUS LIÚNTAIS ÁIRITHE LEANAÍ	199,000	196,562	-
B. ÍOCAÍOCHTAÍ FAOI NA SCÉIMEANNA PINSIN RANNÍOCACHA DO CHÉILÍ AGUS LEANAÍ STÁTSEIRBHÍSEACH, BALL DEN BHREITHIÚNTACHT, AGUS OIFIGEACH CÚIRTE	38,000	36,539	-
C. PINSIN EX GRATIA DO BHAINTEACHA AGUS LEANAÍ STÁTSEIRBHÍSEACH, BALL DEN BHREITHIÚNTACHT, AGUS OIFIGEACH CÚIRTE	1,582	1,866	-
D. LIÚNTAIS BHREISE AGUS AISCI MAIDIR LE HOIFIGIGH BHUNAITHE AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ MAIDIR LE SEIRBHÍS AISTRITHE	55,000	60,738	-
E. PINSIN, LIÚNTAIS AGUS AISCI MAIDIR LE HOIFIGIGH NEAMHBHUNAITHE AGUS A gCÉILÍ AGUS A LEANAÍ AGUS PINSIN AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ EILE MAIDIR LE SEIRBHÍS AISTRITHE	21,000	18,620	-
F. DEONTAIS DÍOBHÁLA AGUS TÁILLÍ LEIGHIS	263	285	-
G. TÁILLÍ DON BHORD PINSEAN AGUS CHÓRAS SOCHAIR PINSEAN	150	82	-
H. ÍOCAÍOCHTAÍ MAIDIR LE DLITEANTAS FAOI CHAIBIDIL 2C DEN ACHT COMHDHLÚTHAITHE CÁNACHA 1997	5	=	=
An Mór-Iomlán	315,000	314,692	-
<i>Bain de :-</i>			
I. LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR	62,000	72,856	=
An Glan-Iomlán	253,000	241,836	=
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS	€11,163,703		

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Pholasaithe agus Phrionsabail Cuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 6.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLÍTEANAIS AG 31 NOLLAIG 2007

	€000	€000	€000
Sócmhainní Reatha			
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Fionraí		65	
Airgead Tirim agus Iarmhíd PMG	13,380		
Orduithe Gan Íoc	<u>(2,872)</u>	<u>10,508</u>	
Sócmhainní Reatha Iomlán		<u>10,573</u>	
Lúide Fiachais Reatha			
Iarmhéideanna Sochair Eile:			
Dlite don Stáit (Nóta 6)	1,796		
Nithe Fionraí Eile	<u>1,020</u>	2,816	
Glandliteanas don Státchiste (Nóta 2)		<u>7,757</u>	
Fiachais Reatha Iomlán		<u>10,573</u>	
Glansócmhainní Reatha			=
Glansócmhainní			=

2 GLANDLÍTEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2007

	€000	€000
Farasbarr le Forghéilleadh		11,164
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		<u>(3,407)</u>
Glandliteanas don Státchiste		<u>7,757</u>
Léirithe ag:		
Fiachóirí		
Airgead Tirim agus Seasamh PMG Glan	10,508	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	<u>65</u>	10,573
Creidiúnaithe		
Dlite don Stáit	(1,796)	
Iarmhéideanna Sochair: Fionraí	<u>(1,020)</u>	<u>(2,816)</u>
		<u>7,757</u>

3 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo- theid eal	Níos lú/Níos mó Ná mar atá soláthartha €000	Míniú
C.	(284)	Tharla an éagsúlachta de bharr meastachan ró-íseal ar líon na ndaoine ag déanamh iarratas ar íocaíochtaí ex-gratia i 2007.
D.	(5,738)	Tharla an éagsúlachta de bharr meastachan ró-íseal ar líon na n-oifigeach a rachadh ar scor le linn na bliana.
E.	2,380	Tharla an éagsúlachta de bharr meastachan ró-mhór ar líon na n-oifigeach neamh-bhunaithe a rachadh ar scor le linn na bliana.
F.	(22)	Tharla an éagsúlachta de bharr meastachan ró-íseal ar líon agus luach na n-éilamh i 2007.
G.	68	Níor tháinig costais chothabhála agus uasghrádaithe ceaptha bainteach le Córas Múnlaith na bPinsean i gcrích.
H.	5	Níor thabhaigh aon dhliteanas i rith na bliana.

4 LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR

	Measta €	Réadaithe €
1. Fáltas faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 1993 (Uimh. 38 de 1993) maidir le dliteanas pinsin na foirne.	21,000,000	21,000,000
2. Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, s.r.l.	1,000,000	1,497,100
3. Ranníocaíochtaí le Scéim Pinsin Céilí agus Leanaí le haghaidh Státsheirbhíseach agus daoine eile.	18,500,000	21,652,019
4. Fáltais maidir leis an Scéim Ranníocach a tionscnaíodh do Státsheirbhísigh bunaithe a ceapadh ar 6 Aibreán 1995 (Ciorclán 6/95) nó ina dhiaidh.	17,500,000	20,392,139
5. Aisíoc Aiscí, s.r.l.	1,000,000	1,084,809
6. Ceannach seirbhíse barúláí.	2,900,000	6,299,983
7. Ilghnéitheach	100,000	929,664
Iomlán	<u>62,000,000</u>	<u>72,855,714</u>

Míniú ar Dhifríochtaí

- Is féidir líon na mball foirne ar iasacht éagsúlú ó bhliain go bliain ag cruthú deacrachtaí i leith meastacháin.
- Tharla an éagsúlachta de bharr meastachán ró-íseal ar líon na ranníocóirí agus an leibhéal na ranníocaíochtaí.
- Tharla an éagsúlachta de bharr meastachán ró-íseal ar líon na ranníocóirí agus leibhéal na ranníocaíochtaí.
- Ní féidir réamhaisnéis cruinn a thabhairt ar líon agus luach na n-aiscí aisíochta gach bliain.
- Tá sé deacair a réamh-mheas cé mhéid oifigeach a bhainfidh leas as an scéim cheannaigh gach bhliain.
- Ní féidir fáltais ilghnéitheach a réamh-mheas go cruinn.

5 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

I 2007, ní raibh aon tarscaoileadh i leith lacáistí pinsin. I gcás ceithre státseirbhíseach scortha, áit inar aithníodh go raibh cúinsí speisialta, rinneadh cinneadh ar tháillí gan aon tagairt ar on tuarastal roimh ré.

6 DLITE DON STÁIT

Chuimsigh an méid dlite don Stáit ar 31 Nollaig 2007 na nithe seo a leanas:

€000

Cáin Ioncáim

1,691

Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa

105

Iomlán

1,796

DAVID DOYLE

Ard-Rúnaí

ROINN AIRGEADAIS

26 Márta 2008

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Aoisliúntas agus Liúntais Scoir le haghaidh 2007 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntais coinnithe ag an Roinn Airgeadais. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007.



SEÁN Ó BUACHALLA

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

19 Meán Fómhair 2008

OIFIG NA gCOIMISINÉIRÍ ACHOMHAIRC

Cuntas ar an gcaiteachas sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007, I gcompáraid leis an soláthar deonaithe do thuarastail agus chostais Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán	Caitheachas	Fabhruithe Deiridh
RIARACHÁN	€000	€000	€000
A.1. TUARASTAIL, PÁ, AGUS LIÚNTAIS	496	392	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	40	16	-
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	35	14	(3)
A.4. SEIRBHÍISÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	23	8	-
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE AGUS SEIRBHÍISÍ GAOLMHARA	28	5	1
A.6. COSTAIS ÁITRIBH OIFIGE	<u>29</u>	<u>47</u>	<u>1</u>
An Iomlán	<u>651</u>	<u>482</u>	<u>(1)</u>
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS	€168,868		

Tá athbhreithniú déanta ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais i dtaca leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus cuireadh Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais i bhfoirm chaighdeánach ar aghaidh leis an gcuntas seo chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Bunaíodh an Coiste Iniúcháireachta sa bhliain 2006 mar chomhlíonadh ar Alt 44 d'Acht an Gharda Síochána 2005 agus feidhmíonn sé de réir cairt scríofa arna fhaomhadh ag an gCoimisinéir. Bhí seacht gcruinniú aige le linn 2007 agus rinne foinsí éagsúla inmheánacha agus seachtracha cur i láthair leis. D'fhaomhaigh an Coiste Iniúcháireachta Plean Iniúchta Inmheánaigh 2007/08 agus d'athbhreithnigh dhá cheann déag de thuiriscí iniúcháireachta a chuir Ceannasaí an Iniúchta Inmheánaigh faoi mbráid. Ceapadh cuntasóir sibhialtach buan i 2007 mar Cheannasaí Iniúchta Inmheánaigh agus leithroinneadh Príomhoifigeach Cúnta ar an Rannóg Iniúchta Inmheánaigh le cois na dtrí chomhalta atá ag obair ann.

Sa chéad leath de 2007 ceapadh triúr cuntasóirí sa Stiúrthóireacht Airgeadais chun cuidiú chun na feidhmeanna cuntasáiochta airgeadais agus bainistíochta a fhorbairt. Baineadh úsáid as na hacmhainní breise airgeadais chun tacú le cineachadh leanúnach na freagrachta buiséadaí, tuairiscí airgeadais, athbhreithniú ar na córais airgeadais agus chun tacaíocht níos fearr a sholáthar do bhainistíocht line i gcúrsaí airgeadais. Cuireadh clár leanúnach oiliúna i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh na scileanna agus an fheasacht airgeadais ag lucht bainistíochta an Gharda chun bainistiú a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil dóibh. Cuireadh an clár oiliúna, atá á fhorbairt i gcónaí, ar fáil do roinnt céimeanna difriúla agus don fhoireann sibhialtach laistigh d'eagraíocht an Gharda.

Tá creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscí rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas, bainistiú ar rioscaí, córas tarmilgthe agus cuntasachta agus údarú caiteachais.

Tá an Garda Síochána tiomanta go láidir i leith slándáil eolais agus córais teicneolaíocht chumarsáide agus tá infheistíocht shuntasach déanta acu ann. Tá nósanna imeachta doiciméadaithe cultaca agus aisghabhála i bhfeidhm lena n-áirítear saoráidí aisghabhála i gcás tubaiste. Rinne Rannóg TF an Gharda, le cúnamh ó chomhairligh sheachtracha, athbhreithniú ar shlándáil TFC agus fuair go raibh na beartaí agus nósanna imeachta reatha sásúil. De réir an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse d'fhoinsigh an Garda Síochána próiseáil a idirghníomhartha airgeadais amuigh chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte, Cill Airne. D'aithin athbhreithniú ar shocruithe na háise sin um aisghabháil TF slándála agus tubaiste roinnt réimsí ina ndéanadh na socruithe seo a threisiú. Tá Garda Síochána i mbun oibre leis na Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte chun na moltaí a chur i ngníomh go tráthúil.

M. F. Ó MURCHÚ

Oifigeach Cuntasáiochta
AN GARDA SÍOCHÁNA
31 Márta 2008

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar an nGarda Síochána le haghaidh 2007 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Tá deimhniú ón Oifigeach Cuntasaíochta tugtha dom a thacaíonn leis an gcaiteachas faoin gCár Chosaint Finnéithe. Mar thoradh ar m'iniúchadh, agus ar bhonn an ndeimhniú atá thugtha, is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an nGarda Síochána. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007. Tugtar aird ar Chaibidil 5 de mo thuarascáil le haghaidh 2007 arna ullmhú agamsa de bhun Alt 3 den Acht.



SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
19 Meán Fómhair 2008

PRÍOSÚIN

Cuntas den suim chaite, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007, i gcomparáid leis an suim bhronnta agus an tsuim a d'fhéadfadh a bheith infheidhmithe mar leithghabháil-i-gcabhair sa bhreis ar sin do thuarastail agus chostais na Seirbhíse Príosúin, agus le haghaidh costais eile i ndáil le príosúin, lena n-áirítear ionaid agus chun na ndeontas-i-gcabhair a íoc.

Seirbhís		Soláthar			
RIARACHÁN	€000	Meastacháin €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000	
A.1. TUARASTAIL, PÁNNA AGUS LIÚNTAIS					
<i>Meastachán Bunaidh</i>	262,755				
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(10,031)</u>	252,724	248,075	-	
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ					
<i>Meastachán Bunaidh</i>	3,312				
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(590)</u>	2,722	2,721	250	
A.3. COSTAIS TEAGMHASACHA					
<i>Meastachán Bunaidh</i>	9,374				
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>3,750</u>	13,124	11,850	1,366	
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE		3,330	3,165	389	
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE AGUS SEIRBHÍSÍ COIBHNEASACHA					
<i>Meastachán Bunaidh</i>	4,439				
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(3,000)</u>	1,439	1,157	62	
A.6. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHTA					
<i>Meastachán Bunaidh</i>	448				
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(200)</u>	248	243	4	
A.7. LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE POLASAÍ		50	-	-	
SEIRBHÍSÍ EILE					
B. FOIRGNIMH AGUS TREALAMH					
<i>Meastachán Bunaidh</i>	38,828				
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>48,852</u>	87,680	94,405	3,169	
C. SEIRBHÍSÍ PRÍOSÚIN, SRL.					
<i>Meastachán Bunaidh</i>	25,204				
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>5,217</u>	30,421	28,498	3,150	
D. ROINN DÉANTÚSAÍOCHTA AGUS FEIRM		1,106	583	14	
E. SEIRBHÍSÍ PROMHAIDH - SEIRBHÍSÍ DO CHIONTÓIRÍ		52	44	11	
F. SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS		1,631	1,800	141	
G. CUMANN CÚNAMH LIACHTA NA nOIFIGEACH PRÍOSÚIN (DEONTAS -I-gCABHAIR)					
<i>Meastachán Bunaidh</i>	948				
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(948)</u>	-	-	-	
H. CÚITEAMH					
<i>Meastachán Bunaidh</i>	2,911				
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(800)</u>	2,111	1,830	42	

Seirbhís		Soláthar Meastacháin €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
SEIRBHÍISÍ EILE (ar lean)		€000	€000	€000
I. BEARTA MHÍBHUNTÁISTE SÓISIALTA (CISTÍ DÍOMHAOINE MAOINITHE)				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	750			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(250)</u>	<u>500</u>	<u>179</u>	<u>-</u>
Iomlán Comhlán				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	355,138			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>42,000</u>	397,138	394,550	8,598
<i>Asbhain:-</i>				
J. LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR		<u>22,749</u>	<u>22,449</u>	<u>479</u>
An Glan Iomlán				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	332,389			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>42,000</u>	<u>374,389</u>	<u>372,101</u>	<u>8,119</u>
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS		€ 2,288,008		
Meán-líon laethúil measta na bpríosúnach	3,310			
Meán-líon laethúil fíor na bpríosúnach	3,310			

Is cuid den Chuntas seo é Ráiteas na bPolasaithe agus na bPrionsabal Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 14.

NÓTAÍ

1 EISCEACHTAÍ AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA GINEARÁLTA

Talamh agus Foirgnimh: Tá 16 príosún agus láthair choinneála, agus maoin i bPáirc Beladd, i seilbh an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Le linn 2007, rinneadh iarratas foirmiúil ar an Oifig Luachála cúnamh a thabhairt do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann luachálacha a ghnóthú do gach ceann de na foirgnimh ina heastát. Níl sé ar chumas na hOifige Luachála an obair seo a chomhlíonadh sa todhchaí is intuatha. Mar thoradh ar seo tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag breathnú ar roghanna eile faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na luachála maoin. Chomh luath agus a comhlíontar feabhsúcháin uile ar na maoin seo, mar atá léirithe i Ráiteas na Sócmhainní Caipitiúla faoi Forbairt, isteach sa chatagóir nua seo ag an am sin.

Déantar Sócmhainní Caipitiúla a dhímheas ar bhonn líne díreach thar a saolré úsáideach measta ag tosú leis an mí a cuireadh i seirbhís iad.

2 RÁITEAS AN CHOSTAIS OIBRIÚCHÁIN DO 2007

	€000	€000	€000
Toradh Glan			372,101
Athruithe i Sócmhainní Caipitiúla			
Airgead Tirim na gCeannachán	(8,201)		
Dímheas	5,462		
Airgead Tirim na nDiúscairtí	14		
Brabús ar dhiúscairtí	<u>(6)</u>	(2,731)	
Sócmhainní á bhForbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tirim		(62,753)	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Laghú i bhFabhrúithe Deiridh		(1,613)	
Méadú i Stoc		<u>(195)</u>	<u>(67,292)</u>
Caiteachas Díreach			304,809
Caiteachas Tabhaithe in Áit Eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Coibhneasacha			<u>13,338</u>
Costas Oibriúcháin			<u>318,147</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2007

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 4)			43,532
Sócmhainní á bhForbairt (Nóta 5)			<u>94,949</u>
			138,481
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 13)		4,380	
Réamhíocaíochtaí		222	
Ioncam Fabhráithe		479	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Fionraí	6,644		
Airleacain don OOP	76		
Óinchistí	<u>897</u>	7,617	
Airgead Tirim agus Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta	12,061		
Orduithe Gan Íoc	<u>(6,875)</u>	<u>5,186</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>17,884</u>	
Lúide Dliteanaís Reatha			
Costais Fhabhráithe		8,820	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Dlite don Stát (Nóta 14)	10,717		
Asbhaintí Párolla	161		
Fionraí	<u>637</u>	11,515	
Glandliteanas don Státhiste (Nóta 6)		<u>1,288</u>	
Iomlán na nDliteanas Reatha		<u>21,623</u>	
Glandliteanaís Reatha			<u>(3,739)</u>
Glanshócmhainní			<u>134,742</u>

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AG 31 NOLLAIG 2007

	Talamh €000	Trealamh Oifige €000	Troscán agus Feistis €000	Mótar- fheithiclí €000	Iomlán €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2007	29,900	58,502	10,517	5,004	103,923
Breiseanna	-	5,199	148	2,638	7,985
Diúscairtí	-	<u>(754)</u>	<u>(43)</u>	<u>(138)</u>	<u>(935)</u>
Sócmhainní Glan ag 31 Nollaig 2007	<u>29,900</u>	<u>62,947</u>	<u>10,622</u>	<u>7,504</u>	<u>110,973</u>
Dímheas Carntha:					
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2007	-	51,865	6,671	4,343	62,879
Dímheas don bhliain	-	3,915	750	797	5,462
Dímheas ar Dhiúscairtí	-	<u>(734)</u>	<u>(28)</u>	<u>(138)</u>	<u>(900)</u>
Dímheas Carntha ag 31 Nollaig 2007	-	<u>55,046</u>	<u>7,393</u>	<u>5,002</u>	<u>67,441</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2007	<u>29,900</u>	<u>7,901</u>	<u>3,229</u>	<u>2,502</u>	<u>43,532</u>

Nóta:

Rinne Seirbhís Phríosúin na hÉireann dul chun cinn suntasach le linn 2007 i dtreo a haidhm i leith luachanna sócmhainne a ghabháil i ngach ceann dá láithreacha. Mar thoradh ar an dul chun cinn a rinneadh, tá sé tar éis a bheith féideartha leibhéal suntasach réitigh a bhaint amach idir ghnóthú sócmhainne agus figiúirí diúscairtí 2007 agus an clár sócmhainne ríomhairithe.

5 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA Á BHFORBAIRT AG 31 NOLLAIG 2007

	Conarthaí Tógála €000
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2007	55,382
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain	62,753
Tionscadail comhlíonta sa Bhliain	<u>(23,186)</u>
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2007	<u>94,949</u>

Nóta:

Toisc nach mbeidh críoch le catagóir na Sócmhainní Caipitiúla do Thalamh agus Foirgnimh chuig a leithéid d'am go bhfuil measúnú na maoine críochnaithe, ní thaispeánfar luach iomlán na gconarthaí tógála críochnaithe go dtí seo i Ráiteas na Sócmhainní Caipitiúla. Léiríonn an méid tógtha ar aghaidh ag 31/12/2007 luach na hoibre críochnaithe go dtí seo maidir le mór-thionscadail tógála leanúnacha uile de chuid Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

6 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2007

	€000	€000
Farasbarr don bhliain		
Farasbarr le Forghéilleadh		2,288
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		<u>(1,000)</u>
Glandliteanas don Státchiste		<u>1,288</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Airgead Tirim agus Staid Glan an Phámháistir Ghinearálta	5,186	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	<u>7,617</u>	12,803
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát (Nóta 14)	(10,717)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	<u>(798)</u>	<u>(11,515)</u>
		<u>1,288</u>

7 MÍNIÚCHÁIN AR CHÚISEANNA NA hÉAGSÚLACHTA IDIR TÁIRGEACHT AGUS SOLÁTHAR MEASTACHÁIN

Foth eide al	Níos Lú/(Mó) ná Soláthartha €000	Míniú
A.3.	1,274	Tharla coigilteas de bharr an moill i gcur i gcrích na gconarthaí le haghaidh soláthar éide nua.
A.5.	282	Tharla an coigilteas de bharr caiteachas níos ísle ná mar a ceapadh ar threalamh TF.
A.7.	50	Cuireadh moill ar staidéir de bharr easpa na n-acmhainní.
B.	(6,725)	Tharla farasbarr de bharr an obair á críochnú roimh am, agus uaidh sin bhí íocaíocht níos luaithe ná mar a ceapadh.
C.	1,923	Tharla coigilteas de bharr comhrialú caiteachais ar thionscadail Oiliúna Oibre.

Foth eide al	Níos Lú/(Mó) ná Soláthartha al €000	Míniú
D.	523	Tá gníomhaíocht déantúsaíochta i bpríosúin ag laghdú toisc go bhfuil aistriú i mbéim ó ghníomhaíocht déantúsaíochta traidisiúnta go soláthar na gairmoiliúna do phríosúnaigh, uaidh sin ag fágáil coigilteas faoin bhfotheideal seo.
F.	(169)	Tharla an farasbarr mar thoradh ar mhéadú i seirbhísí oideachais do phríosúnaigh.
H.	281	Tá caiteachas faoin bhfotheideal seo fíor dheacair le measúnú toisc go bhfuil dámhachtainí agus costais beartaithe ag na Cúirteanna agus ag an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla. Sa bhreis ar sin, tá bainistíocht cáis ghníomhach ag cur le leibhéil laghdaithe na gcúiteamh.
I.	321	Tharla an coigilteas de bharr moilleanna i dtosú na dtionscadal.

8 LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR

	Measta €	Réadaithe €
1. Fáltais ón Roinn Déantúsaíochta agus ón bhFeirm (agus toradh a úsáidtear i bpríosúin san áireamh)	886,000	982,234
2. Ciste Sóisialta na hEorpa	5,000	-
3. Fáltais ó dhíolachán maoine an Phríosúin	20,600,000	20,655,940
4. Ilghnéitheach	508,000	632,413
5. Fáltais na gCuntas Díomhaoin	<u>750,000</u>	<u>178,880</u>
Iomlán	<u>22,749,000</u>	<u>22,449,467</u>

Míniú na nÉagsúlachtaí

1. Tá sé deacair fáltais ón ngníomhaíocht seo a mheas roimh ré.
4. Tagraíonn sé seo d'fháltais ilghnéitheacha atá deacair le réamh-mheas.
5. Tá easnamh sna fáltais de bharr moilleanna i dtosú tionscadail.

9 CEANGALTAIS

(A) Ceangaltais Domhanda

Ag 31 Nollaig 2007 iomlánaíonn ceangaltais chonartha €3,504,272.

(B) Ceangaltais Chaipitiúla Iibhlantúla	Caiteachas go 31 Nollaig 2007 ¹ €000	Caiteachas i 2007 €000	Blianta Iartheachtacha €000
Tionscadail Tógála/Athchóirithe	37,287	57,662	53,085

¹ Ní áirítear tionscadail a chríochnaítear roimh dheireadh 2006.

10 DLITEANAIS AIBITHE

Ba é meastachán na ndliteanais aibithe nach raibh scaoilte ag deireadh na bliana ná €294,263.

11 SONRAÍ UM LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid íoctha €	Líon na bhFaighteoirí	Faighteoirí a fuair €6,350 nó níos mó	Uas-Íocaíocht Aonair €6,350 nó níos mó €
Dualgaís níos airde, speisialta nó bhreise	564,435	171	40	13,543
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	31,865,395	3,288	2,590	21,806
Liúntais sealoibre agus uainchláir	23,341,349	3,186	2,101	17,822
Ilghnéitheach	<u>37,919,767</u>	3,541	3,013	25,695
Luach saothair breise iomlán	<u>93,690,946</u>			

Nóta:

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

12 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Rinneadh cúiteamh agus costais dlíthiúla de €665,643 in iomlán agus ag dul ó €30 go €173,750 maidir le héilimh ag eascairt ó ghortuithe faighte ag 46 Ball Foirne an Phríosúin agus iad ar diuité.

Rinneadh cúiteamh agus costais dlíthiúla de €354,152 in iomlán agus ag dul ó €18 go €22,500 maidir le héilimh ag eascairt ó ghortuithe faighte ag 94 príosúnach.

Rinneadh cúiteamh agus costais dlíthiúla de €33,425 in iomlán agus ag dul ó €30 go €6,860 maidir le héilimh ag eascairt ó ghortuithe faighte ag 13 sibhialtach agus iad ag tabhairt cúirt ar phríosúin.

Rinneadh íocaíochtaí *ex gratia* de €17,227 in iomlán i dtreo costais sochraide do 6 chiontóir a fuair bás agus iad i bpríosún.

In iomlán íocadh €68,000 mar tháillí/chostais le 9 gcomhaltáí de Bhord Eatraimh an Phríosúin i 2007.

In iomlán íocadh €22,351 le Státseirbhísigh scortha i bhfáltas Pinsin Státseirbhíse, a bhí athfhostaithe ar dhualgaís éagsúla le linn 2007.

Díscriobhadh suim de €9,006 mar neamhréireachtaí sa chuntas airgid tirim i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh.

Tugadh suim iomlán de €7,991 chun cuntais maidir le hiarmhéideanna cuntais fionraí nach féidir a aisíoc.

Íocadh €27,117 le oifigeach shinsearach le linn 2007 i dtosca eisceachtúla maidir le speansais taistil agus cothabhála. Níor iarradh cead na Roinne Airgeadais chuige.

13 STOIC

Is é luach an stoic idir láimhe ag 31 Nollaig 2007 do na Príosúin a chuireann an modúl fardail den Chóras Bainistíochta Airgeadais ríomhairithe i bhfeidhm ná €4.38 milliún. Leanfar ar aghaidh le rolladh amach an chórais chuig Príosúin eile.

Seo a leanas an catagóiriú stoic:	€000
Éide & Éadaigh	2,855
Troscán & Ábhar Cothabhála	366
Bia	64
Ilghnéitheach	<u>1,095</u>
Iomlán	<u>4,380</u>

14 DLITE DON STÁT

Chuimsigh an méid Dlite don Stát ag 31 Nollaig 2007 iad seo a leanas:

	€000
Cáin Ioncaim	7,801
Cáin Bhreisluacha	84
Ranníocaíochtaí Pinsin	500
Aisiocaíochtaí Cánach Pinsean	11
Árachas Sóisialaigh Pá-Choibhneasta	2,205
Cáin Shiarchoinneálach	<u>116</u>
	<u>10,717</u>

S. AYLWARD

Oifigeach Cuntasaíochta

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT, COMHIONANNAIS AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ

31 Márta 2008

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar na Príosúin le haghaidh 2007 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí í ndáil leis an Vóta ar na Príosúin. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltas agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007. Tugtar aird ar Chaibidil 6 de mo thuarascáil le haghaidh 2007 arna ullmhú agamsa de bhun Alt 3 den Acht.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

19 Meán Fómhair 2008

RÁITEAS ACHOIMRITHE NA gCUNTAS DÉANTÚSAÍOCHTA SNA PRÍOSÚIN DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

	Talmhaíocht €	Tionscail Eile €	Iomlán €
Stoc idir Láimhe ag 31 Eanáir 2007	3,780	510,196	513,976
Ceannacháin	36,498	528,750	565,248
Brabús	<u>13,708</u>	<u>317,756</u>	<u>331,464</u>
	<u>53,986</u>	<u>1,356,702</u>	<u>1,410,688</u>

	Talmhaíocht €	Tionscail Eile €	Iomlán €
Díolacháin	50,536	920,705	971,241
Stoc idir Láimhe ag 31 Nollaig 2007 ¹	<u>3,450</u>	<u>435,997</u>	<u>439,447</u>
	<u>53,986</u>	<u>1,356,702</u>	<u>1,410,688</u>

Nóta

¹ Ábhair agus Earraí Déanta €234,704; Uirlisí srl., €204,743.

Réiteach leis an gCuntas Leithghabhála

	€
Méid dlite maidir le ceannacháin amhail ag 1 Eanáir 2007	30,481
Ceannacháin le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2007	<u>565,248</u>
	595,729
Méid dlite maidir le ceannacháin amhail ag 31 Nollaig 2007 ²	<u>(12,751)</u>
Caiteachas ó Fhotheideal D. de réir an Chuntais Leithghabhála	<u>582,978</u>
	€
Méid dlite maidir le díolacháin amhail ag 1 Eanáir 2007	43,925
Díolacháin le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2007	<u>971,241</u>
	1,015,166
Méid dlite maidir le díolacháin amhail ag 31 Nollaig 2007 ³	<u>(32,932)</u>
Fáltais faoi Fhotheideal J.1. de réir an Chuntais Leithghabhála	<u>982,234</u>

Nóta

²Ranna Poiblí, €623; Daoine Eile, €12,128.

³Ranna Poiblí, €6,611; Daoine Eile, €26,321.

S. AYLWARD

Oifigeach Cuntasaíochta

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT, COMHIONANNAIS AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ

31 Márta 2008

AN tSEIRBHÍS CHÚIRTEANNA

Cuntas den tsuim a caitheadh, sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2007, i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh, agus den tsuim ar féidir é a chur i bhfeidhm mar leithghabháil-i-gcabhair anuas ar sin, i gcomhair tuarastail agus speansais na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúil Speisialta, agus na Cúirte Dúiche agus mionseirbhísí áirithe eile nach muirear ar an bPríomh-Chiste.

Seirbhís	Soláthar Meastacháin €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
RIARACHÁN			
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	54,437	54,137	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL	4,414	4,346	506
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	8,345	10,667	1,240
A.4. SEIRBHÍSÍ POST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	2,463	2,530	442
A.5. INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA	10,765	10,605	(659)
A.6. COSTAIS TITHE CÚIRTE AGUS ÁITRIBH OIFIGE	20,416	21,136	1,960
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHTA	297	257	42
A.8. ÍOCAÍOCHTAÍ CHUIG COMHAIRLE CORPRAITHE NA dTUAIRISCÍ DLÍ D'ÉIRINN	58	41	10
A.9. ATHBHREITHNITHE LUACH AR AIRGEAD AGUS BEARTAIS	100	-	-
SEIRBHÍSÍ EILE			
B. TITHE CÚIRTE (OIBREACHA CAIPITIL)	<u>29,632</u>	<u>25,466</u>	<u>95</u>
Iomlán Comhlán	130,927	129,185	3,636
<i>Bain de :-</i>			
C. LEITHGHABHÁIL-I-GCABHAIR	<u>28,361</u>	<u>30,232</u>	<u>570</u>
Iomlán Glan	<u>102,566</u>	<u>98,953</u>	<u>3,066</u>
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS	€3,613,291		

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 16 mar chuid den Chuntas seo.

NÓTAÍ

1 EISCEACHT LEIS NA BEARTAIS CUNTASAÍOCHTA GINEARÁLTA

Ráiteas ar Shócmhainní Caipitiúla - Dímheas

Déantar Sócmhainní Caipitiúla a dhímheas ar bhonn líne díriú thar a saolta úsáidte measraithe ag tosú sa mhí a chuirtear in úsáid iad.

2 RÁITEAS AR CHOSTAIS OIBRIÚCHÁIN DO 2007

	€000	€000	€000
Toradh Glan			98,953
Athruithe i Sócmhainní Caipitiúla			
Ceannacháin Airgid	(16,383)		
Dímheas	8,106		
Cailteanas ar na Diúscairtí	<u>2</u>	(8,275)	
Sócmhainní atá á bhForbairt			
Íocaíochtaí Airgid		(1,235)	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Méadú sna Fabhruithe Deiridh	729		
Méadú sa Stoc	<u>(62)</u>	<u>667</u>	<u>(8,843)</u>
Caiteachas Díreach			90,110
Caiteachas a Íocadh Áiteanna Eile			
Caiteachas Glan na Seirbhísí le Chéile		34,065	
Measchíosanna		<u>5,503</u>	<u>39,568</u>
Costas Oibriúchán			<u>129,678</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2007

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 4)			170,389
Sócmhainní atá á bhForbairt (Nóta 5)			<u>4,655</u> 175,044
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 14)		230	
Réamhíocaíochtaí		1,793	
Ioncam Fabhráithe		570	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Airgead réamhíochta le hOifig na nOibreacha Poiblí	3,863		
Fionraí	760		
Óinichiste	<u>27</u>	4,650	
Iarmhíd agus Airgead Oifig an Phámháistir Ghinearálta	7,483		
Orduithe Amuigh	<u>(770)</u>	<u>6,713</u>	
Sócmhainní Reatha Iomlán		<u>13,956</u>	
Lúide Dlíteanaís Reatha			
Costais Fabhráithe		5,429	
Iarmhéideanna Sochair Eile:			
Dlíte don Stáit (Nóta 15)	8,640		
Asbhaintí ón bPárolla	502		
Fionraí	<u>2,189</u>	11,331	
Dlíteanas Glan leis an Stáitchiste (Nóta 6)		<u>32</u>	
Dlíteanaís Reatha Iomlán		<u>16,792</u>	
Dlíteanaís Reatha Glan			<u>(2,836)</u>
Sócmhainní Glan			<u>172,208</u>

4 RÁITEAS SÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA MAR ATÁ AR 31 NOLLAIG 2007

	Talamh agus Foirgnimh €000	TF agus Trealamh €000	Oifige agus Feistis €000	Iomlán €000
Costas nó Luacháil ar 1 Eanáir 2007	128,616	27,237	26,535	182,388
Breiseanna	25,030	2,008	3,215	30,253
Diúscairtí	=	<u>(662)</u>	<u>(4)</u>	<u>(666)</u>
Sócmhainní Glan ag 31 Nollaig 2007	<u>153,646</u>	<u>28,583</u>	<u>29,746</u>	<u>211,975</u>
Dímheas Carnach:				
Iarmhíd Tosaigh ar 1 Eanáir 2007	4,780	18,073	11,291	34,144
Dímheas don bhliain	2,813	2,522	2,771	8,106
Dímheas ar na Diúscairtí	=	<u>(661)</u>	<u>(3)</u>	<u>(664)</u>
Dímheas Carnach ar 31 Nollaig 2007	<u>7,593</u>	<u>19,934</u>	<u>14,059</u>	<u>41,586</u>
Sócmhainní Glan ag 31 Nollaig 2007	<u>146,053</u>	<u>8,649</u>	<u>15,687</u>	<u>170,389</u>

Nóta: Déanann an tAcht um Sheirbhís Chúirteanna 1998 foráil chun teideal dlíthiúil a aistriú i gcás roinnt talún agus foirgnimh a úsáidtear ar mhaithe le feidhmeanna na Seirbhíse. Faoi réir ag Alt 26(3) den Acht, is féidir leis an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, trí ordú a dhéanamh, lá a cheapadh ar a ndéanfar talamh agus foirgnimh mar sin a dháisiú sa tSeirbhís. Tugann Oifig na nOibreacha Poiblí luacháil ar na maoin dílsithe.

5 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA Á BHFORBAIRT AG 31 NOLLAIG 2007

	Feidhmchláir Ríomhaireachta Inmheánacha €000
Méideanna tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir 2007	3,536
Íocaíochtaí Airgid don Bhliain	1,235
Aistrithe chuig Clár na Sócmhainní	(116)
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2007	<u>4,655</u>

6 DLITEANAS GLAN LEIS AN STÁTCHISTE

Réiteach den Farasbarr le Tabhairt Suas ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2007

	€000	€000
Farasbarr don Bhliain		
Farasbarr le Tabhairt Suas		3,613
Deontas an Stáitchiste nár Tarraingíodh		<u>(3,581)</u>
Dlíteanas Glan leis an Stáitchiste		<u>32</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	6,713	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	<u>4,650</u>	11,363
Creidiúnaithe		
Dlíte don Stáit (Nóta 15)	(8,640)	
Iarmhéideanna Sochair: Fionraí	<u>(2,691)</u>	<u>(11,331)</u>
		<u>32</u>

7 FÁLTAIS BHREISE INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE

	Measta €	Réadaithe €
Fíneálacha Cúirte	4,700,000	6,664,341
Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre	<u>9,500,000</u>	<u>12,805,684</u>
	<u>14,200,000</u>	<u>19,470,025</u>

8 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA NDIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Foth eide al	Níos Lú/(Mó) ná Soláthartha €000	Míniú
A.3.	(2,322)	Tharla an róchaitheamh ar an bhfotheideal seo, Costais Theagmhasacha, go príomha mar gheall ar chaiteachas ar Sheirbhísí Ateangaireachta, a leanann ar aghaidh ag méadú i gcomhréir le líon na náisiúnaigh eachtrannacha atá teacht roimh na gCúirteanna. Chomh maith le sin baineann sé le caiteachas ar thionscadail mar chuid dár gclár nuachóirithe agus bainistíochta athruithe.
A.5.	160	Tharla coigilteas ar an bhfotheideal seo, Innealra Oifige agus Soláthairtí Oifige Eile agus Seirbhísí Gaolmhara, go príomha mar gheall ar amú thionscadail TFC.
A.6.	(720)	Tharla an róchaitheamh ar an bhfotheideal seo, Costais Títhe Cúirte agus Áitribh Oifige, go príomha mar gheall ar chaiteachas méadaithe ar léasanna a bhaineann leis an gClár Foirgníochta Caipitiúil.

Foth eide al	Níos Lú/(Mó) ná Soláthartha €000	Míniú
A.8.	17	Rinneadh an tsábháil mar gheall ar uainiú na híocaíochta deireanaí do Chomhairle Corpraithe na dTuairiscí Dlí d'Éirinn.
A.9.	100	Níor tharla an t-athbhreithniú caiteachais don Stiúrthóireacht TFC mar a bhíodas ag siúl leis i rith na bliana. Déanfar an t-athbhreithniú seo in 2008.
B.	4,166	Tharla coigilteas ar an bhfotheideal seo, Tithe Cúirte (Oibreacha Caipitil), mar gheall ar ceisteanna amaithe maidir le tús a chur le roinnt bheag tionscadal Tógála Caipitil.

9 LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR

		Measta €	Réadaithe €
1.	Táillí	27,928,000	29,191,128
2.	Ilghnéitheach	<u>433,000</u>	<u>1,040,781</u>
	IOMLÁN	<u>28,361,000</u>	<u>30,231,909</u>

Míniú ar Dhifríochtaí

- Táillí:** Léiríonn an mhír seo táillí a fuarthas maidir le doiciméid dlíthiúla a lóisteáladh in oifigí cúirteanna lena n-áirítear céatadáin cúirte a raibh fáiltais níos airde ná mar a bhíodas ag súil leis uatha.
- Ilghnéitheach:** Tá na fáiltais comhdhéanta de roinnt míreanna ilghnéitheacha difriúla, a mbaineann a bhformhór le Táillí Coiste maidir le hOifig an Ard-Atur nae, seiceanna nár sóinseáladh agus táillí bailithe ag sirriamaí. Tá gné aisghabhála ann freisin ó bhlianta roimhe seo faoin gCiste Bainistíochta Athruithe.

10 CEANGALTAIS

(A) Ceangaltais Domhanda

Ba é líon iomlán na gCeangaltas Conraithe ag 31 Nollaig 2007 ná €19,591,498.

(B) Ceangaltais Chaipitiúla Ilbhliantúla

Tionscadal	Caiteachas 1 Eanáir 2007 ¹ €000	Caiteachas i 2007 €000	Tar éis na Bliana €000
Athchóiriú ar Thithe Cúirte	64,550	16,311	83,401
Tionscadail Theicneolaíocht Faisnéise	2,458	1,117	738

¹ Ní áirítear tionscadail a cuireadh i gcrích roimh dheireadh 2006.

11 DLITEANAIS AIBITHE

B'é an meastachán ar Dhliteanais Aibithe nár íocadh ag deireadh na bliana ná urscaoilim €291,791.

12 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid Íoctha €	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí a fuair €6,350 nó níos mó	Uas-Íocaíocht Aonair €6,350 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó breise	232,270	95	8	19,674
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	1,000,654	383	51	24,104
Ilghnéitheach	<u>787,202</u>	280	31	17,842
Luach saothar breise san iomlán	<u>2,020,126</u>			

Nóta: Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

13 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Rinneadh costais tuarastal de €1,297,942 a aisghabháil ó Bhinsí Fiosraithe agus Ranna eile maidir le baill foirne ar iasacht.

Íocadh de réir €101,391 san iomlán maidir le dámhachtainí d'fhiúntas feidhmíochta den scoth faoi réir ag forálacha na Scéime Buiséid Riaracháin. Rinneadh 149 íocaíocht le daoine aonair.

Ba é an caiteachas comhairleachta nár gearradh chuig fotheideal na Seirbhísí Comhairleachta le haghaidh 2007 ná €555,748. Bhain sé seo go príomha le seirbhísí comhairleachta TFC agus tá sé san áireamh faoi fhotheideal A.5.

Íocadh €54,154 le 7 Státseirbhísigh atá ar scor a bhí i mbun dualgais difriúla i rith na bliana 2007.

Tá íocaíochtaí pionóis úis de gníomh €19,922 san áireamh sa chuntas seo faoin Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus arna leasú ag Rialacháin an AE (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Íocadh cúiteamh de Éileamh €71,322 i rith na bliana chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun éileamh a réiteach thar ceann na Seirbhíse Cúirteanna.

Tá an Caiteachas Glan ar Sheirbhísí Gaolmhara de vótáilim €34,065,000 atá san áireamh sa Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas a tabhaíodh ó Vótaí eile:

Vóta:		€000
7	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	3,745
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,624
20	Garda Síochána	197
	Príomh-Chiste - Tuarastail agus pinsin breithiúnacha	<u>28,499</u>
		<u>34,065</u>

Aistríodh €210,271 san iomlán chuig Leithghabhálacha-i-gCabhair maidir le tionscadail Bainistíochta Athruithe ó bhlianta roimhe seo.

Tugadh suim de €8,149 chun cuntais maidir le hiarmhéideanna cuntas fionraí nach féidir a aisghabháil.

14 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2007:	€000
Stáiseanóireacht	<u>230</u>

15 DLITE DON STÁT

Bhí an méid Dlite don Stát ag 31 Nollaig 2007 comhdhéanta de:

	€000
Cáin Ioncain	772
Cáin Choinneála	26
Cáin Bhreisluacha	19
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa	351
Fíneálacha	6,379
Dleacht Mháil	<u>1,093</u>
	<u>8,640</u>

16 RIALUITHE INMHEÁNACHA Á BHFEABHSÚ

Tugadh faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha airgeadais maidir leis an mbliain dár críoch 31 Nollaig 2007, agus cuireadh ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais san fhorráid chaighdeánach chuig an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Don bhliain 2007 tá an ráiteas seo tacaithe ag córas de ráitis ghéilliúntais.

Bainistíocht Riosca

Tá creat Bainistíochta Riosca i bhfeidhm. Tá bainisteoirí na Seirbhíse freagrach as measúnuithe riosca leanúnacha agus foirmiúla agus as moltaí a dhéanamh chun rialú a fheabhsú. Déanann foireann Bhainistíochta Sinsearach, a bhfuil freagracht foriomlán aici as cinntiú go ndéantar rioscaí a aithint agus a bhainistiú, maoirseacht ar an gcreat.

An Coiste Iniúchta

Tá Coiste Iniúchta ag an tSeirbhís, le ceathrar ina bhaill air, lena n-áirítear beirt bhaill seachtracha. Déanann an Coiste Iniúchta, a oibríonn de réir cairt scríofa, athbhreithniú ar thoradh na n-iniúchtaí ar fad a thugann an tAonad Iniúchta Inmheánaigh fúthu. Eisíonn sé tuairisc bhliantúil faoina gcuid oibre. Ag cloí le moltaí i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus Cheannairí na nOifigí, tá a feidhm Iniúchta Inmheánaigh uasghrádaithe ag an tSeirbhís. Mar gheall ar seo bhíodhas in ann tabhairt faoi chlár Iniúchta Inmheánaigh i bhfad níos cuimsithí i 2007. Déanann Ceannaire an Iniúchta Inmheánaigh tuairisc leis an gCoiste Iniúchta ar bhonn ráithiúil. Méadaíonn soláthróirí seirbhíse seachtracha an tAonad Iniúchta Inmheánaigh.

TFC

Tá an tSeirbhís ag cur na moltaí ar athbhreithniú neamhspleách a rinneadh ar slándáil na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide i 2005 i bhfeidhm de réir a chéile. Tá Straitéise Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide cúig bhliana i bhfeidhm don tréimhse 2006 - 2010. Cinnteoidh sé seo go bhfuil na struchtúir, próisis, beartais agus nósanna imeachta rialachais cuí comhsheasmhach le húsáid na gcleachtas is fearr sa tionscadal. Mar chuid den struchtúr bunaíodh Coiste Rialachais Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide i 2006, leis an Oifigeach Cuntasaíochta ina chathaoirleach air, a thagann le chéile ar bhonn ráithiúil.

P.J. FITZPATRICK

Oifigeach Cuntasaíochta
AN tSEIRBHÍS CHÚIRTEANNA
31 MÁRTA 2008

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar an tSeirbhís Chúirteanna le haghaidh 2007 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an tSeirbhís Chúirteanna. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007.



SEÁN Ó BUACHALLA

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
19 Meán Fómhair 2008

AN tÚDARÁS CLÁRÚCHÁIN MAOINE

Cuntas den tsuim caite, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007, i gcomparáid leis an suim ceadaithe, do thuarastail agus chostais an tÚdarás Clárúcháin Maoine.

- le haghaidh fhorghéilleadh iarchurtha na leithreasuithe gan chaitheamh le haghaidh na seirbhísí soláthair chaipitil faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán		Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
RIARACHÁN	€000	€000	€000	€000
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS		30,443	30,363	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ		173	197	13
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA		4,628	4,281	(35)
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE		1,533	1,326	(31)
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA				
<i>Soláthar na Bliana Reatha</i>	6,469			
<i>Forghéilleadh Iarchurtha</i>	<u>500</u>	6,969	4,546	(144)
A.6. COSTAIS ÁITREABH OIFIGE		827	734	36
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA		<u>121</u>	<u>58</u>	<u>2</u>
An Iomlán				
<i>Soláthar na Bliana Reatha</i>	44,194			
<i>Forghéilleadh Iarchurtha</i>	<u>500</u>	<u>44,694</u>	<u>41,505</u>	<u>(159)</u>
FARASBARR DON BHLIAIN			€3,189,213	
FORGHÉILLEADH IARCHURTHA faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004			€500,000	
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS			€ 2,689,213	

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 14.

NÓTAÍ

1 EISCEAHTAÍ AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA GINEARÁLTA

Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitúla - Dímheas

Déantar Sócmhainní Caipitil a díluacháil ar bhonn líne díreach thar a saoil úsáideach measta ag tosú leis an mí a cuireadh i seirbhís iad.

2 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2007

	€000	€000	€000
Toradh Glan			41,505
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(4,022)		
Dímheas	<u>2,640</u>	(1,382)	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Laghdú i bhFabhrúithe Deiridh		(98)	
Méadú i Stoc		<u>(72)</u>	<u>(1,552)</u>
Caiteachas Díreach			39,953
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit Eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara			4,905
Cíosanna Barúlacha			<u>4,056</u>
Costas Oibriúcháin			<u>48,914</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2007

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 4)			8,860
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 12)		266	
Réamhíocaíochtaí		411	
Ioncam Fabhraithe		36	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Fionraí	294		
Airleacain don OOP	10		
Óinchistí	<u>3</u>	307	
Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus Airgead Tirim	2,170		
Orduithe Íochaíochta gan Íoc	<u>(375)</u>	<u>1,795</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>2,815</u>	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhraithe		288	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Dlite don Stát (Nóta 13)	690		
Aisbhaintí ó Thuarastail	<u>222</u>	912	
Glandliteanas don Stáitchiste (Nóta 5)		<u>1,190</u>	
Iomlán na nDliteanas Reatha		<u>2,390</u>	
Glanshócmhainní Reatha			<u>425</u>
Glanshócmhainní			<u>9,285</u>

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AG 31 NOLLAIG 2007

	Trealamh Oifige Innealra Eile €000	Troscán agus Feistis €000	Iomlán €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2007	25,238	4,052	29,290
Breiseanna	3,717	186	3,903
Diúscairtí	<u>(471)</u>	<u>-</u>	<u>(471)</u>
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2007	<u>28,484</u>	<u>4,238</u>	<u>32,722</u>
Dímheas Carntha:			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2007	18,496	3,197	21,693
Dímheas don Bhliain	2,365	275	2,640
Dímheas ar Dhiúscairtí	<u>(471)</u>	<u>-</u>	<u>(471)</u>
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2007	<u>20,390</u>	<u>3,472</u>	<u>23,862</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2007	<u>8,094</u>	<u>766</u>	<u>8,860</u>

5 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2007

	€000	€000
Farasbarr don Bhliain		
Farasbarr le tabhairt suas	2,689	
Forghéilleadh Iarchurtha	<u>500</u>	3,189
Deontas Státchiste nár Tarraingíodh		<u>(1,999)</u>
Glandliteanas don Státchiste		<u>1,190</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	1,795	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	<u>307</u>	2,102
Creidiúnaithe		
Dlíte don Stát (Nóta 13)	(690)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	<u>(222)</u>	<u>(912)</u>
		<u>1,190</u>

6 FÁLTAIS BHREIS INÍOCTHA DON STÁTCHISTE

	Measta €	Réadaithe €
Táillí Chlárlann na Talún	76,027,000	75,389,931
Táillí Chlárlann na nGníomhas	4,372,000	4,168,885
Táillí Ciosa Talún	<u>112,000</u>	<u>140,840</u>
	<u>80,511,000</u>	<u>79,699,656</u>

7 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Foth Níos Lú/(Mó)
eid ná Foráilte
eal €000

Míniú

A.2.	(24)	Mhéadaigh an caiteachas ar thaisteal mar thoradh ar bhunú na hoifige dláraithe nua i Ros Comáin.
A.3.	347	Tharla an choigilt seo toisc caiteachas ar chóipcheart OSI a bheith níos ísle ná mar a réamh-mheasadh. Ina theannta sin, bhí an caiteachas ar sholáthraithe traenála níos ísle ná mar a réamh-mheasadh, toisc an méid suntasach traenála ar tugadh faoi go himmheánach.
A.4.	207	Sábháladh airgead de thoradh ar shocruithe poist nua a thabhairt isteach.
A.5.	2,423	Tharla an choigilt seo toisc gur iarchuireadh roinnt tionscnamh TF Caipitiúil a bhí le cur i bhfeidhm sa bhliain 2007 toisc sríon a bheith ar acmhainní foirne.
A.6.	93	Ach amháin feistiú na cóiríochta oifige sealadaí i Ros Comáin, ní dheachthas i mbun aon mhórhionscadail maidir le hÁitribh Oifige sa bhliain 2007.
A.7.	63	Coinnítear caiteachas a bhaineann le comhairleoirí seachtracha ag leibhéal íosta.

8 CEANGALTAIS**(A) Ceangaltais Iltaobhacha**

Ceangaltais ar Chonradh ag 31 Nollaig 2007 de luach €544,655.

(B) Ceangaltais Chaipitil is Infheidnithe le Dlí

Tionscadal	Caiteachas go 1 Ean 2007 €000	Caiteachas i 2007 €000	Blianta ina Dhiaidh €000
Mapála Digití agus Tionscadail Gaolmhara	8,867	4,480	14,327

9 DLITEANAIS AIBITHE

Is é an meastachán de dhliteanais aibí nach raibh scaoilte ag deireadh na bliana ná €10,897.

10 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí a fuair €6,350 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	18,360	37	-	-
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	1,442,311	407	75	24,143
Liúntais sealóibre agus uainchláir	27,259	6	2	7,921
Ilghnéitheach	<u>66,253</u>	54	-	-
Luach saothair breise in iomlán	<u>1,554,183</u>			

Nóta: Fuair daoine aonracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

11 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Íocadh suimeanna dar luach €60,670 le trí Státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil Pinsean Státseirbhíse, a ndearnadh athfhostú orthu le linn 2007.

B'ionann iomlán na suimeanna a d'íoc Clárlann na nGníomhas amach trí mheán Stampaí Ioncaim in ionad airgead tirim srl. sa bhliain 2007 ná €308,198.

Bronnadh dámnhachtainí dar luach €20,711 ar 94 duine agus grúpa amháin mar aitheantas ar fheidhmíocht den chéad scoth.

Íocadh €80,915 le 27 oifigeach, roinnt acu ina n-oifigigh ar scor faoi théarmaí Chomhaontú Athstruchtúrtha 1% PCW. Bhain an íocaíocht le riaráistí a fabhraíodh ó 1999 go 2006.

12 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2007:

	€000
Páipéarachas	88
Soláthairtí Ilghnéitheacha	7
Tomhaltais TF	<u>171</u>
	<u>266</u>

13 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí Dlite don Stát ag 31 Nollaig 2007 ná:	€000
Cáin Ioncaim	376
Cáin Shiarchoinneálach	19
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	216
Cáin Bhreisluaicha	<u>79</u>
	<u>690</u>

14 RIALÚ INMHEÁNACH A FHEABHSÚ

Cuireadh Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais san fhormáid chaighdeánach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste in éineacht leis na cuntais seo. Cuireadh na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an gcóras rialuithe inmheánach maidir le traenáil foirne, bainistíocht riosca, slándáil eolais agus teicneolaíocht chumarsáide maille le hathbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe riaracháin agus airgeadais.

Traenáil Foirne

Tá Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) i bhfeidhm ag an Údarás Clárúcháin Maoine a chuidíonn leis an Údarás riachtanais traenála na foirne a aithint. Tá an tÚdarás an-tiomanta feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil do chustaiméirí ach infheistiú i dtraenáil agus forbairt fhoireann na heagraíochta d'fhonn fórsa oibre inniúil eolasach a chur ar fáil.

Bainistíocht Riosca

Tá clár riosca i bhfeidhm ag an Údarás Clárúcháin Maoine chun cuidiú leis an eagraíocht bainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar na rioscaí ar ghá don eagraíocht aghaidh a thabhairt orthu.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC)

Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine an-tiomanta do shlándáil a chórais agus a shonraí TFC. Tá crua-earraí agus bogearraí úrnua ríomhaire deisce ag an Údarás, le líonraí, freastalaithe agus córais nua-aimseartha agus déantar an bonneagar a bhainistiú de réir na gcleachtais reatha is fearr, maidir le cur isteach a bhrath agus saoráidí cosanta víris.

Coiste Iniúchta

Cuireadh Coiste Iniúchta ar bun sa bhliain 2007, ar a bhfuil roinnt ball seachtrach den Údarás Clárúcháin Maoine. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú agus measúnú ar obair an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh. Déanann an Coiste athbhreithniú freisin ar chur chuige an Údarais maidir le Bainistiú Riosca.

C TREACY

Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚDARÁS CLÁRÚCHÁIN MAOINE
31 Márta 2008

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar an tÚdarás Clárúcháin Maoine le haghaidh 2007 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an tÚdarás Clárúcháin Maoine. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
19 Meán Fómhair 2008

TABHARTAIS AGUS TIOMNACHTAÍ CARTHANACHA

Cuntas ar an tsuim a caitheadh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007, i gcomparáid leis an tsuim a deonadh, do thuarastail agus costais Oifig na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
RIARACHÁN	€000	€000	€000
A.1. TUARASTAIL, PÁ, AGUS LIÚNTAIS	391	327	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	1	1	-
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	39	30	-
A.4. SEIRBHÍŚÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	12	10	-
A.5. COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	<u>23</u>	<u>14</u>	<u>2</u>
An Mór Iomlán	466	382	2
<i>Bain de :-</i>			
A.6. LEITHGHABHÁLACHA-I-GCABHAIR	<u>1</u>	-	-
An Glan Iomlán	<u>465</u>	<u>382</u>	<u>2</u>
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS	€83,501		

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2007

	€000	€000	€000
Toradh Glan			382
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tírim	-		
Dímheas	<u>6</u>	6	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Méadú i bhFabhrúithe Deiridh		<u>2</u>	<u>8</u>
Caiteachas Díreach			390
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara			<u>56</u>
Costas Oibriúcháin			<u>446</u>

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2007

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			5
Sócmhainní Reatha			
Réamhíocaíochtaí		1	
Iarmhéid an Pháimhástir Ghinearálta agus Airgead Tírim	9		
Orduithe Íochaíochta gan Íoc	<u>(8)</u>	1	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>2</u>	
Dlíteanais Reatha			
Costais Fhabhráithe		3	
Glandlíteanas don Státchiste (Nóta 4)		<u>1</u>	
Iomlán na nDlíteanas Reatha		<u>4</u>	
Glanshócmhainní Reatha			<u>(2)</u>
Glanshócmhainní			<u>3</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AG 31 NOLLAIG 2007

	Trealamh Oifige €000	Troscán agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2007	82	26	108
Breiseanna	-	-	-
Díúscairtí	(1)	-	(1)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2007	<u>81</u>	<u>26</u>	<u>107</u>
Dímheas Carntha			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2007	71	26	97
Dímheas don Bhliain	6	-	6
Dímheas ar Dhiúscairtí	(1)	-	(1)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2007	<u>76</u>	<u>26</u>	<u>102</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2007	<u>5</u>	<u>=</u>	<u>5</u>

4 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2007

	€000	€000
Farasbarr don Bhliain		
Farasbarr le tabhairt suas		84
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		(83)
Glandliteanas don Státchiste		<u>1</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim		<u>1</u>

5 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo- Níos Lú/(Níos
theid Mó) Ná mar a
eal soláthraíodh
€000

Míniú

- A.1. 64 Tá an póst mór Runaí fós á líonadh ag leibheál Príomh-Oifigeach Cúnta in ionad leibheál Príomh-Oifigeach agus bhí foluntás part-aimsireach ag leibheál Ard-Oifigeach.

6 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí a fuair €6,350 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	5,594	2	-	3,623
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	-	-	-	-
Liúntais sealoibre agus uainchláir	-	-	-	-
Ilghnéitheach	-	-	-	-
Luach saothair breise san iomlán	<u>5,594</u>			

7 DLITE DON STÁT

Ní raibh suim ar bith dlite don Stát ag 31 Nollaig 2007.

ORLA BARRY MURPHY

Oifigeach Chuntasaíochta
OIFIG NA DTABHARTAS AGUS NA DTIOMNACHTAÍ CARTHANÚLA
20 Márta 2008

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Shíntiúis Charthanacha agus Tiomnachaí le haghaidh 2007 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig na Shíntiúis Carthanacha agus Tiomnachaí. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
19 Meán Fómhair 2008

COMHSHAOL, OIDHREACTH AGUS RIALTAS ÁITIÚIL

Cuntas ar an suim chaite, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007, i gcomparáid leis an suim bhronnta agus an tsuim a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm mar leithghabhálacha-i-gcabhair sa bhreis orthu sin:

- le haghaidh na tuarastail agus costais de chuid Oifig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais chuig Údaráis Áitiúla, deontais agus costais eile bainteach le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais agus deontais

- le haghaidh géilleadh iarchurtha de leithghabhálacha neamhchaite do sheirbhísí um sholáthar caipitil faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Seirbhís	Soláthar		Fabhruithe
	Meastacháin	Caiteachas	Deiridh
RIARACHÁN	€000	€000	€000
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	73,448	74,573	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	3,326	3,254	62
A.3. COSTAIS TEAGMHASACHA	2,651	2,478	(19)
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	1,874	1,776	(38)
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE AGUS SEIRBHÍSÍ COIBHNEASACHA	10,798	8,923	(471)
A.6. COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	1,640	1,190	115
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHTA	434	363	-
A.8. LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE POLASAÍ	600	4	-
TITHÍOCHT			
B.1. ATHNUACHAN AGUS SOLÁTHAR TITHÍOCHTA SÓISIALTA	1,378,889	1,388,284	48,350
